AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2020
COM(2020) 767 final

2020/0340 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le rialachas sonraí Eorpach
## (An Gníomh um Rialachas Sonraí)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2020) 405 final} - {SWD(2020) 295 final} - {SWD(2020) 296 final}

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Gabhann an meabhrán míniúcháin seo leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]maidir le rialachas sonraí. Is é seo an chéad cheann de shraith beart a fógraíodh i straitéis Eorpach 2020 maidir le sonraí[2]. Is é is aidhm don ionstraim an méid sonraí ar féidir úsáid a bhaint astu a chothú trí mhuinín as idirghabhálaithe sonraí a mhéadú agus trí shásraí um chomhroinnt sonraí a neartú ar fud an Aontais Eorpaigh. Leis an ionstraim seo, díreofar ar na nithe seo a leanas:

- Sonraí earnála poiblí a chur ar fáil lena n-athúsáid i gcásanna ina mbíonn sonraí den chineál sin faoi réir cearta daoine eile[3].
- Sonraí a chomhroinnt idir gnólachtaí, in aghaidh luach saothair de gach saghas.
- Úsáid sonraí pearsanta a cheadú trí bhíthin 'idirghabhálaí lena gcomhroinntear sonraí pearsanta', rud arna cheapadh chun cuidiú le daoine aonair a gcuid ceart faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a fheidhmiú.
- Úsáid sonraí a cheadú ar fhorais altrúchais.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Cumhdaíonn an tionscnamh reatha cineálacha éagsúla idirghabhálaithe sonraí lena láimhseáiltear sonraí pearsanta mar aon le sonraí neamhphearsanta. Dá bhrí sin, tá tábhacht ar leith ag baint leis an gceangal atá ann leis an reachtaíocht maidir le sonraí pearsanta. Leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)[4] agus leis an Treoir maidir le r-phríobháideachas[5], tá creat dlíthiúil daingean iontaofa curtha i bhfeidhm ag an Aontas Eorpach chun sonraí pearsanta a chosaint, rud atá ina chaighdeán don domhan.

An togra atá á bheartú, tá sé comhlántach le Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis earnála poiblí a athúsáid (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte)[6]. Pléann an togra seo le sonraí arna gcoinneáil ag comhlachtaí earnála poiblí, sonraí atá faoi réir cearta daoine eile agus nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach sin dá bharr. Tá naisc loighciúla chomhleanúnacha ag an togra seo le tionscnaimh eile arna bhfógairt sa straitéis Eorpach maidir le sonraí. Is é is aidhm don togra, comhroinnt sonraí a éascú, lena n-áirítear trí mhuinín a dhaingniú as idirghabhálaithe comhroinnte sonraí a bhfuil coinne lena n-úsáid sna spásanna sonraí éagsúla. Na cearta substaintiúla maidir le sonraí a rochtain agus a úsáid, níl sé d'aidhm ag an togra na cearta sin a dheonú, a leasú nó a bhaint. Tá bearta den chineál sin beartaithe le haghaidh Gníomh Sonraí a d'fhéadfaí a ullmhú in 2021[7].

---

1 Is ar ábhar na hionstraime a bhunófar leagan críochnaitheach an ghnímh dhlíthiúil.
2 COM/2020/66 final.
3 Is le 'Sonraí a bhfuil a n-úsáid ag brath ar chearta daoine eile' nó 'sonraí atá faoi réir cearta daoine eile' a chumhdaítear na sonraí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir reachtaíocht maidir le cosaint sonraí, maoin intleachtúil, nó a d'fhéadfadh rúin trádála nó faisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála de a bheith iontu.
4 IO L 119, 4.5.2016, lch. 1-88.
5 IO L 201, 31.7.2002, lch. 37-47.
6 IO L 172, 26.6.2019, lgh. 56–83.
7 Féach COM/2020/66 final.

Leis an ionstraim seo, tógtar inspioráid ó na prionsabail le haghaidh bainistiú agus athúsáid sonraí, prionsabail a cuireadh le chéile le haghaidh sonraí taighde. De réir phrionsabail sonraí FAIR[8], ba cheart do na sonraí sin a bheith in-aimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte i bprionsabal.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá reachtaíocht earnáilsonrach maidir le rochtain ar shonraí i bhfeidhm agus/nó á hullmhú chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna an mhargaidh a sainaithníodh i réimsí mar an tionscal gluaisteán[9], soláthraithe seirbhísí íocaíochta,[10] , faisnéis chliste ar mhéadrú[11], sonraí líonra leictreachais[12], córais iompair chliste[13], faisnéis chomhshaoil[14], faisnéis spásúil[15], agus an earnáil sláinte[16]. Tacaíonn an togra reatha le húsáid a bhaint as na sonraí a chuirtear ar fáil faoi na rialacha atá ann cheana gan na rialacha sin a athrú nó gan oibleagáidí nua a chruthú don earnáil.

Ar an mbealach céanna, ní dhéanann an togra seo dochar do dhlí na hiomaíochta agus is i gcomhréir le hAirteagail 101 agus 102 CFAE a cheaptar é, agus ní dhéanann sé dochar d'fhorálacha Threoir 2000/31/CE ó Pharlaimint Eorpach agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí a bhaineann le seirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe an ríomhthráchtáil, sa mhargadh inmheánach[17].

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Sainaithnítear gurb é Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) atá ina bhunús dlí ábhartha don Rialachán seo. De bhun an Airteagail sin, ní mór don Aontas bearta a ghlacadh maidir le comhfhogasú na bhforálacha a leagtar síos leis an dlí, sin nó le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit, forálacha arb é is aidhm dóibh bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh san Aontas. Is cuid de straitéis Eorpach 2020 maidir le sonraí é an tionscnamh seo, straitéis arb é is aidhm di an margadh aonair le haghaidh sonraí a neartú. Agus digitiú an gheilleagair agus na sochaí ag méadú, tá baol ann gur mó ná riamh a rithfidh na Ballstáit reachtaíocht maidir le saincheisteanna sonraí gan aon chomhordú a dhéanamh eatarthu féin, rud a chuirfeadh go mór le hilroinnt sa mhargadh aonair. Má bhunaítear na struchtúir agus na sásraí rialachais lena gcruthófar cur chuige comhordaithe i leith úsáid sonraí ar fud na n-earnálacha agus na mBallstát, cabhróidh sé sin le páirtithe leasmhara sa gheilleagar sonraí tairbhe a bhaint as scála an mhargaidh aonair. Tacóidh sé le bunú an mhargaidh aonair le haghaidh sonraí trí theacht chun cinn agus feidhmiú trasteorann na seirbhísí nua a áirithiú le sraith forálacha comhchuibhithe.

---

8 https://www.force11.org/group/fairgroup/fairprinciples
9 IO L 188 18.7.2009, lch. 1 arna leasú le IO L 151, 14.6.2018, p. 1.
10 IO L 337, 23.12.2015, lgh. 35–127.
11 IO L 158, 14.6.2019, lgh. 125–199; IO L 211, 14.8.2009, lgh. 94–136.
12 IO L 220, 25.8.2017, lgh. 1–120; IO L 113, 1.5.2015, lgh. 13–26.
13 IO L 207, 6.8.2010, lgh. 1–13.
14 IO L 41, 14.2.2003, lgh. 26–32.
15 IO L 108, 25.4.2007, lgh. 1–14.
16 Tá togra reachtach le haghaidh an spáis sonraí um shláinte Eorpach á bheartú don cheathrú ráithe in 2021. https://eur-lex.europa.eu/resource.html?uri=cellar%3A91ce5c0f-12b6-11eb-9a54-01aa75ed71a1.0001.02/DOC_2&format=PDF
17 IO L 178, 17.7.2000, lgh. 1–16.

Is inniúlacht atá comhroinnte idir an tAontas agus a Bhallstáit iad beartais digiteacha. In Airteagail 4(2) agus (3) de CFAE, sonraítear gur féidir leis an Aontas gníomhaíochtaí ar leith a dhéanamh i réimse an mhargaidh aonair agus i réimse na forbartha teicneolaíochta gan dochar a dhéanamh do shaoirse na mBallstát gníomhú sna réimsí céanna.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Is minic a bhíonn sonraí ó roinnt Ballstát ag teastáil ó ghnólachtaí ionas gur féidir leo táirgí agus seirbhísí a fhorbairt ar fud an Aontais toisc gur minic nach mbíonn go leor saibhris agus éagsúlachta sna samplaí sonraí atá ar fáil i mBallstát aonair chun brath patrúin 'Mórshonraí' nó meaisínfhoghlaim a dhéanamh leo. Anuas air sin, má chruthaítear táirgí agus seirbhísí atá bunaithe ar shonraí i mBallstát amháin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá ann na táirgí agus na seirbhísí sin a chur in oiriúint do roghanna na gcustaiméirí i mBallstát eile agus tá sonraí áitiúla ar leibhéal na mBallstát ag teastáil chun é sin a dhéanamh. Mar sin, ní mór do na sonraí a bheith in ann bogadh go héasca trí shlabhraí luacha trasearnála agus trí shlabhraí luacha ar fud an Aontais, rud a bhfuil timpeallacht dlí chomhchuibhithe riachtanach dó. Ina theannta sin, i bhfianaise na ngnéithe trasearnála a bhaineann le comhroinnt sonraí mar aon leis an tábhacht a bhaineann le comhroinnt sonraí den chineál sin, is le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais amháin gur féidir a áirithiú go mbeidh rath faoi shamhail Eorpach um chomhroinnt sonraí, samhail a bhfuil idirghabhálaithe sonraí iontaofa le haghaidh chomhroinnt sonraí B2B agus spásanna sonraí pearsanta mar chuid di.

Le margadh aonair le haghaidh sonraí, ba cheart go n-áireofaí go mbeadh rochtain ar shonraí ón earnáil phoiblí, ó ghnólachtaí agus ó na saoránaigh agus go n-úsáidfí na sonraí sin ar an mbealach is éifeachtaí agus is freagraí, agus san am céanna go gcoinneodh gnólachtaí agus saoránaigh smacht ar na sonraí a ghineann siad agus go gcaomhnófaí na hinfheistíochtaí a dhéantar ina mbailiúchán. De thoradh rochtain níos fearr ar shonraí, bheadh gnólachtaí agus eagraíochtaí taighde in ann forbairtí eolaíocha agus nuálaíocht margaidh san Aontas uile a chur chun cinn, rud a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis nuair atá gá le gníomhaíocht chomhordaithe ón Aontas, le linn ghéarchéim COVID-19 mar shampla.

- **Comhréireacht**

Is comhréir an tionscnamh seo leis na cuspóirí arna saothrú. Leis an reachtaíocht atá beartaithe, cuirtear creat cumasúcháin ar bun nach dtéann thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a ghnóthú. Leis an reachtaíocht, déantar comhchuibhiú ar shraith dea-chleachtas maidir le comhroinnt sonraí, agus san am céanna urramaítear saincheart na mBallstát a riarachán féin a eagrú agus reachtaíocht a rith maidir le rochtain ar shonraí earnála poiblí. An creat chun fógra a thabhairt d'idirghabhálaithe sonraí mar aon leis na sásraí um altrúchas sonraí, cruthaíonn siad leibhéil níos airde muiníne as na seirbhísí sin gan srianadh nach bhfuil gá leis a chur leis na gníomhaíochtaí sin, agus cuidíonn siad le margadh inmheánach a fhorbairt le haghaidh malartú sonraí den chineál sin. Chomh maith leis sin, fágfaidh an tionscnamh seo méid suntasach solúbthachta lena chur i bhfeidhm ar leibhéal na hearnála féin, lena n-áirítear le haghaidh fhorbairt na spásanna sonraí Eorpacha amach anseo.

Beidh costais airgeadais agus riaracháin i gceist leis an Rialachán atá beartaithe, costais a bheidh le hiompar ag na húdaráis náisiúnta go príomha, agus san am céanna, beidh cuid de na costais sin le hiompar ag úsáideoirí sonraí agus ag soláthraithe comhroinnte sonraí, ionas go n-áireofar comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo. Mar sin féin, féachadh ar roghanna éagsúla agus na costais ionchasacha a bhain leo, agus is é is toradh air sin dearadh cothrom na hionstraime. Fágfaidh sé go leor solúbthachta ag na húdaráis náisiúnta chun leibhéal na hinfheistíochta airgeadais a chinneadh agus chun deiseanna a mheas chun na

costais sin a chúiteamh trí mhuirir nó táillí, agus comhordú foriomlán á chur ar fáil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh san am céanna. Ar an mbealach céanna, déanfar na costais ar úsáideoirí sonraí agus ar sholáthraithe comhroinnte a chúiteamh leis an luach a bhainfear as rochtain agus úsáid níos leithne na sonraí mar aon le glacadh na seirbhísí núíosacha sa mhargadh.

- **An rogha ionstraime**

Is é is bonn cirt rogha an rialacháin mar an ionstraim dlí, príomhacht na ngnéithe a bhfuil cur i bhfeidhm aonfhoirmeach ag teastáil uathu, cur i bhfeidhm nach bhfágann lamhálacha cur chun feidhme ag na Ballstáit agus a chruthaíonn creat dlíthiúil atá go hiomlán cothrománach. Ar na gnéithe sin, tá an fógra le haghaidh soláthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí, na sásraí um altrúchas sonraí, na bunphrionsabail is infheidhme maidir le hathúsáid sonraí earnála poiblí, sonraí nach féidir a bheith ar fáil mar shonraí oscailte nó nach bhfuil faoi réir reachtaíocht earnáilsonrach an Aontais, agus bunú na struchtúr comhordaithe ar an leibhéal Eorpach. Le hinfheidhmeacht dhíreach an Rialacháin, sheachnófaí tréimhse agus próiseas cur chun feidhme le haghaidh na mBallstát, rud a ligfear san am céanna do bhunú na spásanna coiteanna sonraí Eorpacha san am atá le teacht, i gcomhréir le plean téarnaimh an Aontais[18].

San am céanna, níl forálacha an Rialacháin ródhírithe agus fágtar spás do leibhéil éagsúla gníomhaíochta ó thaobh na mBallstát maidir le gnéithe nach ndéanann dochar do chuspóirí an tionscnaimh, go háirithe maidir le heagrú na gcomhlachtaí inniúla a thugann tacaíocht do chomhlachtaí earnála poiblí ina gcuid cúraimí, cúraimí a bhaineann le hathúsáid catagóirí áirithe de shonraí earnála poiblí.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Seoladh comhairliúchán poiblí ar líne an 19 Feabhra 2020, an lá a glacadh an straitéis Eorpach maidir le sonraí[19]agus dúnadh an comhairliúchán an 31 Bealtaine 2020. Sa chomhairliúchán, bhí sé sainráite gur seoladh é d’fhonn an tionscnamh reatha a ullmhú agus díríodh ar na hítimí a chumhdaítear sa tionscnamh le rannóga agus ceisteanna ábhartha. Is ar pháirtithe leasmhara de gach saghas a bhí sé dírithe.

San iomlán, fuair an Coimisiún 806 aighneacht, agus as na haighneachtaí sin, tháinig 219 acu ó chuideachtaí, 119 acu ó chomhlachais ghnó, 201 acu ó shaoránaigh den Aontas, 98 acu ó institiúidí acadúla / taighde, agus 57 acu ó na húdaráis phoiblí. Rinne seachtar freagróirí ionadaíocht thar ceann tomhaltóirí agus ba eagraíochtaí neamhrialtasacha iad 54 cinn de na freagróirí (lena n-áirítear dhá eagraíocht chomhshaoil). As na 219 gcuideachta / n-eagraíocht ghnó, ba fhiontair bheaga nó mheánmhéide (FBManna) iad 43.4 % díobh. San iomlán, tháinig 92.2 % de na freagraí ó AE-27. Ba bheag freagróir a thug le fios an raon feidhme áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta a bhí ag a eagraíocht.

Cuireadh isteach 230 páipéar seasamh, 210 acu i gceangal le freagraí an cheistneora agus 20 acu mar aighneachtaí ar leith. Sna páipéir, cuireadh dearcthaí éagsúla ar fáil ar na topaicí a cumhdaíodh sa cheistneoir ar líne, go háirithe maidir le rialachas na spásanna coiteanna sonraí. Bhí tuairimí le fáil iontu ar na príomhphrionsabail le haghaidh na spásanna sin agus léiríodh leibhéal ard tacaíochta maidir le caighdeáin mar aon le coincheap an altrúchais sonraí

[18] COM(2020) 456 final.
[19] COM/2020/66 final.

a chur chun tosaigh. Chomh maith leis sin, tugadh le fios iontu go bhfuil gá le coimirce nuair atá bearta á bhforbairt maidir le hidirghabhálaithe sonraí.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ionas go bhféachfar ar na coinníollacha creata leis na saineolaithe ábhartha, na coinníollacha creata lena gcruthófar spásanna coiteanna sonraí Eorpacha sna hearnálacha a sainaithníodh, in 2019 reáchtáladh sraith de dheich gceardlann ar ábhar na spásanna coiteanna sonraí Eorpacha agus reáchtáladh ceardlann bhreise i mí na Bealtaine 2020. Bailíodh le chéile breis agus 300 páirtí leasmhar le haghaidh na gceardlann sin, páirtí leasmhara arb as na hearnálacha poiblí agus príobháideacha iad go príomha, agus cumhdaíodh earnálacha éagsúla (talmhaíocht, sláinte, airgeadas/baincéireacht, fuinneamh, iompar, inbhuanaitheacht/comhshaol, seirbhísí poiblí, monaraíocht chliste) agus gnéithe níos trasghearrtha (eitic sonraí, láithreáin mhargaidh sonraí). Bhí ranna an Choimisiúin a phléann leis na réimsí sin páirteach sna ceardlanna. Chabhraigh na ceardlanna earnálacha le gnéithe coiteanna ar fud na n-earnálacha a shainaithint, gnéithe ar gá díriú orthu trí chreat rialachais cothrománach a leagan síos.

- **Measúnú tionchair**

Rinneadh measúnú tionchair le haghaidh an togra seo. An 9 Meán Fómhair 2020, d’eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhiúltach. An 5 Deireadh Fómhair 2020, thug an Bord tuairim dhearfach faoi réir forchoimeádas.

Sa mheasúnú tionchair, rinneadh scrúdú ar na cásanna bunlíne, na roghanna beartais agus an tionchar a bheadh acu ar cheithre réimse idirghníomhaithe, is é sin (a) sásraí chun úsáid fheabhsaithe a bhaint as sonraí earnála poiblí, sonraí nach féidir a bheith ar fáil mar shonraí oscailte, (b) creat deimhniúcháin nó lipéadaithe le haghaidh idirghabhálaithe sonraí, c) bearta lena n-éascaítear altrúchas sonraí, agus (d) sásraí chun gnéithe cothrománacha rialachais a chomhordú agus a stiúradh trí bhíthin struchtúir ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

I gcás gach réimse idirghníomhaithe, cinneadh nach leor rogha beartais 1 lena ndéanfaí comhordú ar leibhéal an Aontais le bearta boga rialála, ós rud é nach ndéanfadh sé sin athrú mór ar an suíomh i gcomparáid leis an gcás bunlíne. Dá bhrí sin, is ar roghanna beartais 2 agus 3 a díríodh an anailís go príomha, roghanna a raibh idirghabháil rialála ísealdéine agus ard-déine faoi seach ag baint leo. Tharla sé gurbh é a bhí sa rogha thosaíochta meascán d’idirghabhálacha ísealdéine agus ard-déine, ar an mbealach seo a leanas:

Maidir le sásraí chun úsáid sonraí earnála poiblí áirithe a fheabhsú, sonraí atá faoi réir cearta daoine eile, i gcás na rogha ísealdéine agus na rogha ard-déine araon, thabharfaí isteach rialacha ar fud an Aontais maidir le sonraí den chineál sin a athúsáid (go háirithe i leith neamheisiachais). I gcás comhlachtaí earnála poiblí ar leith a cheadaíonn athúsáid den chineál sin, leis an idirghabháil rialála ísealdéine, bheadh ceangal ar na comhlachtaí sin an trealamh teicniúil iomchuí a bheith acu chun a áirithiú go gcaomhnófar an chosaint sonraí, an príobháideachas agus an rúndacht go hiomlán. Chomh maith leis sin, bheadh oibleagáid ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le sásra ilfhreastail amháin ar a laghad, sásra um iarratais ar shonraí den chineál sin a rochtain, gan foirm institiúideach agus riaracháin na sonraí sin a chinneadh go cruinn. Leis an rogha ard-déine, d’fhorordófaí comhlacht aonair le haghaidh údarú sonraí a chur ar bun i ngach Ballstát. I bhfianaise na gcostas agus na gceisteanna a bhaineann le hindéantacht an dara rogha sin, is í an t-idirghabháil rialála ísealdéine an rogha thosaíochta.

I gcás dheimhniúchán nó lipéadú na n-idirghabhálacha sonraí iontaofa, beartaíodh idirghabháil rialála ísealdéine a mbeadh sásra lipéadaithe deonaigh, sásra atá níos boige, i

gceist leis, agus sa chás sin is iad na húdaráis inniúla arna n-ainmniú ag na Ballstáit a dhéanfadh seiceáil oiriúnachta ar chomhlíonadh na gceanglas maidir leis an lipéad a fháil, mar aon leis an lipéad agus a dheonú (na húdaráis inniúla ar féidir leo a bheith ina sásraí ilfhreastail freisin, na sásraí sin a bunaíodh chun athúsáid fheabhsaithe a bhaint as sonraí earnála poiblí freisin). Is éard a bhí san idirghabháil rialála ard-déine scéim deimhniúcháin éigeantaigh arna bainistiú ag comhlachtaí príobháideacha a dhéanann measúnú ar chomhréireacht. Bheadh costais níos airde ag baint le scéim éigeantach, rud a d'fhéadfadh tionchar toirmisc a imirt ar FBManna agus ar ghnólachtaí nuathionscanta, agus níl an margadh aibí go leor le haghaidh scéim deimhniúcháin éigeantaigh; dá bhrí sin, sainaithníodh an idirghabháil rialála ísealdéine mar an rogha beartais thosaíochta. Mar sin féin, is mar rogha mhalartach indéanta a sainaithníodh an idirghabháil rialála ard-déine i bhfoirm scéime éigeantaí freisin, ós rud é go gcruthódh an scéim i bhfad níos mó muiníne as feidhmiú na n-idirghabhálaithe sonraí agus go mbunódh sí rialacha soiléire maidir leis an mbealach ar cheart do na hidirghabhálaithe sin gníomhú i margadh sonraí na hEorpa. Tar éis tuilleadh plé sa Choimisiún, coinníodh réiteach idirmheánach. Is é atá i gceist leis an réiteach sin oibleagáid fógra agus faireachán *ex post* a dhéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát ar chomhlíonadh na gceanglas atá ag teastáil chun na gníomhaíochtaí a fheidhmiú. Tá buntáiste an chórais éigeantaigh ag baint leis an réiteach agus san am céanna cuirtear srian leis an ualach rialála ar ghníomhaithe sa mhargadh.

I gcás an altrúchais sonraí, is é a bhí i gceist leis an idirghabháil rialála ísealdéine ná creat deimhniúcháin dheonaigh le haghaidh eagraíochtaí atá ag iarraidh seirbhísí den chineál sin a chur ar fáil, agus ar an taobh eile, beartaíodh creat údaraithe éigeantaigh leis an idirghabháil rialála ard-déine. Ó tharla go n-áiritheofaí leibhéal níos airde muiníne ó thaobh sonraí a chur ar fáil de bharr na rogha deireanaí sin, rud a d'fhéadfadh cur leis an méid sonraí a chuireann ábhair sonraí agus cuideachtaí ar fáil agus rud a bheadh leibhéal níos airde forbartha agus taighde mar thoradh air mar aon leis an méid comhchosúil costas a bheith ag baint leis, cuireadh in iúl sa Mheasúnú Tionchair gurbh í an rogha sin an rogha thosaíochta le haghaidh an réimse idirghabhála seo. Mar sin féin, le linn tuilleadh plé a dhéanamh sa Choimisiún, léiríodh go raibh imní breise ann maidir leis an ualach riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ar eagraíochtaí i mbun altrúchas sonraí agus maidir leis an gcaidreamh idir na hoibleagáidí agus tionscnaimh earnálacha maidir le haltrúchas sonraí amach anseo. Dá bhrí sin, coinníodh réiteach malartach a thabharfaidh an deis d'eagraíochtaí i mbun altrúchas sonraí clárú mar 'Eagraíocht Altrúchais Sonraí a aithnítear san Aontas Eorpach'. Leis an sásra deonach seo, cuirfear leis an méid muiníne atá ann agus san am céanna beidh ualach riaracháin níos lú ag baint leis ná mar a bheadh ag creat údaraithe éigeantaigh ná ag creat deimhniúcháin dheonaigh.

Ar deireadh, i gcás an tsásra Eorpaigh um rialachas cothrománach, is é a bhí i gceist leis an idirghabháil rialála íseal-déine sainghrúpa a chruthú, agus ar an taobh eile, is é a bhí i gceist leis an idirghabháil rialála ard-déine struchtúr neamhspleách a mbeadh pearsantacht dhlítheanach aige (cosúil leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí) a chruthú. I bhfianaise na gcostas ard agus an leibhéil ísil indéantachta polaitiúla a bhaineann leis an rogha ard-déine a thionscnamh, is í an rogha beartais ísealdéine a roghnaíodh.

I staidéar tacaíochta an mheasúnaithe tionchair,[20] léiríodh go bhfuil coinne leis go bhfásfaidh an geilleagar sonraí agus luach eacnamaíoch na comhroinnte sonraí go dtí tuairim agus idir

[20] An Coimisiún Eorpach (2020, *atá le foilsiú go luath*). *Support Study to this Impact Assessment*, SMART 2019/0024, [Staidéar Tacaíochta a ghabhann leis an Measúnú Tionchair seo, SMART 2019/0024] arna ullmhú ag Deloitte.

EUR 533 agus EUR 510 billiún (3.87 % de OTI) faoin gcás bunlíne, ach go bhfásfaidh sé sin go dtí idir EUR 540.7 agus EUR 544.4 billiún (3.92 % go 3.95 % OTI) faoin rogha phacáistithe thosaíochta. Leis na méideanna sin, is ar bhealach teoranta amháin a chuirtear na tairbhí iartheachtacha a bhaineann leo san áireamh, tairbhí ó thaobh táirgí níos fearr, táirgiúlacht níos airde agus bealaí nua chun dul i ngleic le dúshláin shóisialta (e.g. an t-athrú aeráide). Go deimhin, is dóichí go mbeidh na tairbhí sin i bhfad níos mó ná na tairbhí díreacha.

San am céanna, leis an rogha bheartais phacáistithe sin, bheifí in ann samhail Eorpach a chruthú le haghaidh comhroinnt sonraí, rogha bheartais a mbeadh cur chuige malartach i gceist leis i gcomparáid leis an tsamhail ghnó le haghaidh na n-ardán teicneolaíochta comhtháite atá ann faoi láthair, trí theacht chun cinn idirghabhálaithe sonraí neodracha. Is féidir leis an tionscnamh seo difear a dhéanamh don gheilleagar sonraí trí mhuinín as comhroinnt sonraí a chruthú agus trí fhorbairt na spásanna coiteanna sonraí Eorpacha a spreagadh, spásanna mar a mbeidh smacht ag daoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha ar na sonraí a ghineann siad.

- **Cearta bunúsacha**

Ó tharla go dtagann sonraí pearsanta faoin raon feidhme atá ag cuid de na gnéithe den Rialachán, tá na bearta ceaptha ar bhealach a chomhlíonann an reachtaíocht maidir le cosaint sonraí go hiomlán, agus ar bhealach a mhéadaíonn go praiticiúil an smacht atá ag daoine nádúrtha ar na sonraí a ghineann siad.

Maidir le hathúsáid fheabhsaithe a bhaint as sonraí earnála poiblí, déanfar bunchearta na cosanta sonraí a urramú mar aon le bunchearta an phríobháideachais agus na maoine (i ndáil le cearta dílseánaigh i leith sonraí áirithe, sonraí a bhfuil rúndacht tráchtála ag baint leo nó atá cosanta faoi chearta maoine intleachtúla mar shampla). Ar an mbealach sin, na soláthraithe a chuireann seirbhísí comhroinnte sonraí ar fáil d’ábhair sonraí, beidh orthu na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh.

I gcás an chreata chun fógra a thabhairt d’idirghabhálaithe sonraí, bheadh tionchar aige sin ar an tsaoirse chun gnó a dhéanamh ó tharla go gcuirfeadh sé srianta áirithe i bhfeidhm i bhfoirm na gceanglas éagsúla a bheidh ag teastáil le haghaidh fheidhmiú na n-eintiteas den chineál sin.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí buiséadacha ag an togra seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

I bhfianaise ghné dhinimiciúil an gheilleagair sonraí, is cuid lárnach den idirghabháil sa réimse seo é faireachán ar an mbealach a bhforbraíonn an tionchar. Chun go n-áireofar go ndéanfar na torthaí inmhianaithe a ghnóthú leis na bearta beartais a roghnaíodh, agus chun bonn eolais a chur ar fáil d’aon athbhreithniú a d’fhéadfaí a dhéanamh amach anseo, tá gá le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo.

Faireachán ar na cuspóirí sonracha agus ar na hoibleagáidí rialála, bainfear é sin amach trí shuirbhéanna ionadaíocha a chur ar pháirtithe leasmhara, trí obair an Ionaid Tacaíochta um Chomhroinnt Sonraí, trí thaifid ón mBord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí faoi na réimsí

éagsúla idirghabhálaithe a thuairiscíonn na húdaráis náisiúnta tiomnaithe, agus trí staidéar meastóireachta a thacóidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar an ionstraim.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le **Caibidil I**, sainmhínítear ábhar an rialacháin agus leagtar amach na sainmhínithe a úsáidtear ar fud na hionstraime.

Le **Caibidil II**, cruthaítear sásra um athúsáid catagóirí áirithe de shonraí earnála poiblí atá cosanta, rud atá coinníollach ar chearta daoine eile a urramú (go sonrach chun sonraí pearsanta a chosaint, ach chun cearta maoine intleachtúla agus rúndacht tráchtála a chosaint chomh maith). Ní dhéanann an sásra seo dochar do reachtaíocht earnáilsonrach an Aontais maidir le rochtain ar shonraí den chineál sin agus maidir leis na sonraí sin a athúsáid. Ní thagann athúsáid sonraí den chineál sin faoi raon feidhme Threoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte). Na forálacha faoin gCaibidil seo, ní chruthaíonn siad an ceart chun sonraí den chineál sin a athúsáid ach déanann siad foráil maidir le sraith bunchoinníollacha comhchuibhithe faoinar féidir athúsáid sonraí den chineál sin a cheadú (e.g. ceanglas an neamheisiachais). Comhlachtaí earnála poiblí a cheadaíonn athúsáid den chineál sin, bheadh ceangal orthu an trealamh teicniúil iomchuí a bheith acu chun a áirithiú go gcaomhnófar an chosaint sonraí, an príobháideachas agus an rúndacht go hiomlán. Ní mór do na Ballstáit pointe teagmhála aonair a chur ar bun chun tacú le taighdeoirí agus le gnó nuálach maidir le sonraí oiriúnacha a shainaithint agus beidh ceanglais orthu struchtúir a chur i bhfeidhm chun tacú le comhlachtaí earnála poiblí ó thaobh modhanna teicniúla agus cúnamh dlíthiúil de.

Tá sé d’aidhm ag **Caibidil III** cur leis an muinín as comhroinnt sonraí pearsanta agus sonraí neamhphearsanta mar aon le costais idirbhirt a bhaineann le comhroinnt sonraí B2B agus C2B a laghdú trí chóras fógra a chruthú le haghaidh soláthraithe comhroinnte sonraí. Ní mór do na soláthraithe sin roinnt ceanglas a chomhlíonadh, go háirithe an ceanglas maidir le neodracht a choinneáil i leith na sonraí arna malartú. Ní féidir leo na sonraí sin a úsáid chun aon críche eile. I gcás sholáthraithe na seirbhísí comhroinnte sonraí, soláthraithe a chuireann seirbhísí ar fáil do dhaoine nádúrtha, ní mór dóibh critéar breise a chomhlíonadh freisin, critéar maidir le dualgais mhuiníneacha a ghlacadh orthu féin i leith na ndaoine a úsáideann na seirbhísí sin.

Tá an cur chuige sin ceaptha chun a áirithiú go mbeidh seirbhísí comhroinnte sonraí ag feidhmiú ar bhealach oscailte comhoibríoch agus cumhacht á tabhairt acu san am céanna do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha trí fhorbhreathnú agus smacht níos fearr ar a gcuid sonraí a thabhairt dóibh. Údarás inniúil arna ainmniú ag na Ballstáit, is é an t-údarás sin a bheidh freagrach as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas a ghabhann le soláthar na seirbhísí den chineál sin.

Le **Caibidil IV**, déantar altrúchas sonraí a éascú (sonraí a chuireann daoine nó cuideachtaí ar fáil go deonach ar mhaithe leis an leas coiteann). Tugann sé an deis d’eagraíochtaí i mbun altrúchas sonraí clárú mar ‘Eagraíocht Altrúchais Sonraí a aithnítear san Aontais Eorpach’ chun cur leis an muinín as a n-oibríochtaí. Sa bhreis air sin, forbrófar foirm thoilithe choiteann Eorpach i ndáil le haltrúchas sonraí chun na costais a bhaineann le bailiúchán foirmeacha toilithe agus inaistritheacht na sonraí a laghdú (i gcás nach bhfuil na sonraí atá le cur ar fáil á gcoinneáil ag an duine).

Le **Caibidil V**, leagtar amach na ceanglais le haghaidh fheidhmiú na n-údarás inniúil arna n-ainmniú chun faireachán a dhéanamh ar an gcreat chun fógra a thabhairt do sholáthraithe na seirbhísí comhroinnte sonraí agus d’eintitis i mbun altrúchas sonraí, agus chun an creat sin a

chur i bhfeidhm chomh maith. Chomh maith leis sin, tá forálacha le fáil ann maidir leis an gceart chun gearáin a thaisceadh i gcoinne cinntí a dhéanann comhlachtaí den chineál sin agus maidir leis na bealaí atá ann chun sásamh breithiúnach a fháil.

Le **Caibidil VI,** cruthaítear sainghrúpa foirmiúil (an 'Bord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí) a éascóidh teacht chun cinn dea-chleachtas i measc údaráis na mBallstát, go háirithe maidir le hiarratais ar athúsáid sonraí a phróiseáil, sonraí atá faoi réir cearta daoine eile (faoi Chaibidil II), maidir le cleachtas comhsheasmhach a áirithiú i leith an chreata chun fógra a thabhairt do sholáthraithe na seirbhísí comhroinnte sonraí (faoi Chaibidil III), agus maidir le haltrúchas sonraí (Caibidil IV). Sa bhreis air sin, tabharfaidh an sainghrúpa tacaíocht agus comhairle don Choimisiún maidir le caighdeánú trasearnála a rialú agus maidir le hiarratais ar chaighdeánú trasearnála straitéiseach a ullmhú. Leis an gcaibidil seo, leagtar amach comhdhéanamh an Bhoird freisin agus eagraítear an bealach a bhfeidhmíonn sé.

Le **Caibidil VII**, ligtear don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, gníomhartha a bhaineann leis an bhfoirm thoilithe Eorpach i ndáil le haltrúchas sonraí.

Tá forálacha idirthréimhseacha le fáil i **gCaibidil VIII**, forálacha maidir le feidhmiú na scéime údaraithe ginearálta le haghaidh soláthraithe comhroinnte sonraí agus déantar foráil maidir le forálacha críochnaitheacha.

2020/0340 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le rialachas sonraí Eorpach**
**(An Gníomh um Rialachas Sonraí)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[21],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[22],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) do bhunú margaidh inmheánaigh agus go gcuirfear córas ar bun a áiritheoidh nach ndéanfar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh. Le bunú na rialacha comhchoiteanna agus na gcleachtas atá ar fáil sna Ballstáit a bhaineann le creat rialachais sonraí a fhorbairt, ba cheart go cuirfí le gnóthú na gcuspóirí sin.

(2) Le blianta beaga anuas, tá an geilleagar agus an tsochaí athraithe ó bhonn ag teicneolaíochtaí digiteacha, rud a bhfuil tionchar aige ar gach earnáil gníomhaíochta agus ar an saol laethúil. I gcroílár an chlaochlaithe sin tá sonraí: bainfidh buntáistí ollmhóra leis an nuálaíocht shonraíbhunaithe do shaoránaigh, mar shampla trí leigheas pearsantaithe feabhsaithe, soghluaisteacht nua, agus an méid a chuirfidh sí leis an gComhaontú Glas don Eoraip[23]. Ina Straitéis Sonraí[24], thug an Coimisiún tuairisc ar an bhfís atá aige de spás coiteann sonraí Eorpach, Margadh Aonair le haghaidh sonraí ina bhféadfaí sonraí a úsáid gan beann ar an áit fhisiciúil ina bhfuil sé á stóráil san Aontas i gcomhréir leis an dlí is infheidhme. D’iarr sé freisin go mbeadh an sreabhadh sonraí saor agus sábháilte le tríú tíortha, faoi réir eisceachtaí agus srianta maidir leis an tslándáil phoiblí, an t-ord poiblí agus cuspóirí dlisteanacha beartais phoiblí eile de chuid an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta. Chun an fhís sin a bhaint amach, molann sé spásanna coiteanna sonraí Eorpacha a bhunú le haghaidh

21 IO C , , lch. .
22 IO C , , lch. .
23 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip. An Bhruiséil, 11.12.2019 (COM(2019) 640 críochnaitheach)
24 COM(2020) 66 críochnaitheach.

réimsí sonraí, mar na socruithe nithiúla lenar féidir sonraí a chomhroinnt agus a chomhthiomsú. Mar a fhoráiltear sa straitéis sin, is féidir leis na spásanna coiteanna sonraí Eorpacha sin réimsí amhail sláinte, soghluaisteacht, monarú, seirbhísí airgeadais, fuinneamh, nó talmhaíocht a chumhdach, nó réimsí téamacha amhail an Comhaontú Glas don Eoraip nó spásanna sonraí Eorpacha don riarachán poiblí nó scileanna.

(3) Is gá na dálaí maidir le comhroinnt sonraí sa mhargadh inmheánach a fheabhsú trí chreat comhchuibhithe a chruthú le haghaidh malartuithe sonraí. Le reachtaíocht earnáilsonrach is féidir eilimintí nua agus comhlántacha a fhorbairt, a oiriúnú agus a mholadh, ag brath ar shainiúlachtaí na hearnála, mar shampla an reachtaíocht atá beartaithe maidir le spás sonraí sláinte Eorpach[25] agus maidir le rochtain ar shonraí feithiclí. Anuas air sin, tá earnálacha áirithe den gheilleagar á rialú cheana féin le dlí earnáilsonrach an Aontais lena n-áirítear rialacha a bhaineann le comhroinnt nó le rochtain ar shonraí ar bhonn trasteorann nó ar fud an Aontais[26]. Dá bhrí sin, tá an Rialachán seo gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([27]), agus go háirithe ní chuirfidh cur chun feidhme an Rialacháin seo cosc ar aistrithe sonraí trasteorann i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (AE) 2016/679, Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([28]), Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([29]), Rialachán (AE) 2018/1807 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([30]), Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([31]), Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([32]),

---

25 Féach: Iarscríbhinní a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Clár Oibre an Choimisiúin 2021 (COM(2020)690 críochnaitheach).

26 Mar shampla, Treoir 2011/24/AE i gcomhthéacs an Spáis Sonraí Sláinte Eorpaigh, agus reachtaíocht ábhartha iompair mar shampla Treoir 2010/40/AE, Rialachán 2019/1239 agus Rialachán (AE) 2020/1056, i gcomhthéacs an Spáis Sonraí Soghluaisteachta Eorpaigh.

27 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1)

28 Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle. (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89)

29 Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le fios gnó agus faisnéis ghnó neamhnochta (rúin trádála) a chosaint i gcoinne iad a fháil, a úsáid agus a nochtadh go neamhdhleathach. (IO L 157, 15.6.2016, lch.1)

30 Rialachán (AE) 2018/1807 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le creat le haghaidh saorshreabhadh sonraí neamhphearsanta san Aontas Eorpach. (IO L 303, 28.11.2018, lch. 59)

31 Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir na rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach. (IO L 87, 31.03.2009, lch. 164)

32 Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach (an Treoir um thrádáil leictreonach). (IO L 178, 17.07.2000, lch. 1)

Treoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle([33]), Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([34]), Treoir 2004/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([35]), Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([36]), agus Rialachán 2018/858/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([37]) freisin, Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([38]) agus Rialacháin Tharmligthe arna nglacadh ar an mbonn sin, agus aon reachtaíocht earnáilsonrach eile de chuid an Aontais lena n-eagraítear rochtain ar shonraí agus athúsáid sonraí. Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do rochtain ar shonraí agus d'úsáid sonraí chun críche comhair idirnáisiúnta i gcomhthéacs cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó i gcomhthéacs pionóis choiriúla a fhorchur. Ba cheart córas cothrománach a bhunú le haghaidh athúsáid catagóirí áirithe de shonraí cosanta atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí, soláthar seirbhísí comhroinnte sonraí agus seirbhísí bunaithe ar altrúchas sonraí san Aontas. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le dearadh a dhéanamh ar chórais earnála bunaithe ar shonraí le haghaidh saintréithe earnálacha éagsúla, agus ceanglais an Rialacháin seo á bhforbairt ag an am céanna. I gcás ina gceanglófar le gníomh dlí earnáilsonrach de chuid an Aontais ar chomhlachtaí earnála poiblí, ar sholáthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí nó ar eintitis chláraithe a sholáthraíonn seirbhísí altrúchais sonraí ceanglais theicniúla, riaracháin nó eagraíochtúla shonracha bhreise a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí chóras údaraithe nó deimhniúcháin, ba cheart feidhm a bheith freisin ag na forálacha sin den ghníomh dlí earnáilsonrach sin de chuid an Aontais.

(4) Tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní ar gheilleagar sonraíbhunaithe dea-fheidhmiúil agus chun creat rialachais uile-Aontais a chruthú le haghaidh rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí, go háirithe maidir le hathúsáid cineálacha áirithe sonraí atá i seilbh na hearnála poiblí, soláthar seirbhísí ag soláthraithe comhroinnte sonraí le haghaidh úsáideoirí gnó agus ábhair sonraí, chomh maith le bailiú agus próiseáil sonraí arna gcur ar fáil chun críche altrúchais ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha.

(5) Is cuid de bheartas an Aontais le fada an lá an smaoineamh gur cheart go rachadh sonraí a gineadh ar chostas buiséad poiblí chun tairbhe don tsochaí. Le Treoir (AE) 2019/1024 chomh maith le reachtaíocht earnáilsonrach, áirithítear go mbeidh níos mó de na sonraí a sholáthraíonn an earnáil phoiblí ar fáil go héasca lena n-úsáid agus lena n-athúsáid. Mar sin féin, is minic nach gcuirtear catagóirí áirithe sonraí (sonraí rúnda

---

[33] Treoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le gnéithe áirithe de chóipcheart agus de chearta gaolmhara a chomhchuibhiú sa tsochaí faisnéise. (IO L 167, 22.6.2001, lch. 10)

[34] Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoracha 96/9/CE agus 2001/29/CE. (IO L 130, 17.5.2019, lch. 92)

[35] Treoir 2004/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú. (IO L 157, 30.4.2004).

[36] Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid. (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

[37] Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú agus le faireachas maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n- aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018).

[38] Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a úsáid i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadan le modhanna eile iompair. (IO L 207, 6.8.2010, lch. 1)

tráchtála, sonraí atá faoi réir na rúndachta staidrimh, sonraí atá faoi chosaint ag cearta maoine intleachtúla tríú páirtithe, lena n-áirítear rúin trádála agus sonraí pearsanta nach bhfuil inrochtana ar bhonn reachtaíocht shonrach náisiúnta nó reachtaíocht shonrach de chuid an Aontais, mar shampla Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir (AE) 2016/680) ar fáil i mbunachair sonraí phoiblí, fiú le haghaidh gníomhaíochtaí taighde nó nuálacha. Mar gheall ar íogaireacht na sonraí sin, ní mór ceanglais áirithe nós imeachta theicniúla agus dhlíthiúla a chomhlíonadh sula gcuirfear ar fáil iad, chun a áirithiú go n-urramaítear cearta atá ag daoine eile ar shonraí den sórt sin. Bíonn dianobair agus dlútheolas i gceist le comhlíonadh ceanglas den sórt sin de ghnáth. Mar thoradh air sin, baineadh tearcúsáid as na sonraí sin. Cé go bhfuil struchtúir agus próisis á mbunú ag roinnt Ballstát, agus uaireanta go ritheann siad reachtaíocht, chun an cineál seo athúsáide a éascú, ní mar sin atá ar fud an Aontais.

(6) Tá teicnící ann lenar féidir anailísí atá fabhrach don phríobháideachas a dhéanamh ar bhunachair sonraí ina bhfuil sonraí pearsanta, amhail anaithnidiú, bréagainmniú, príobháideachas difreálach, ginearálú, nó sochtadh agus randamú. Ba cheart go n-áiritheofaí le cur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí cosanta príobháideachais sin, mar aon le cineálacha cuimsitheacha cur chuige maidir le cosaint sonraí, go ndéanfar sonraí pearsanta agus sonraí gnó rúnda tráchtála a athúsáid go sábháilte chun críocha taighde, nuálaíochta agus staidrimh. I gcuid mhór cásanna, ciallaíonn sé sin nach féidir sonraí a úsáid agus a athúsáid sa chomhthéacs sin ach amháin i dtimpeallacht shlán phróiseála atá leagtha amach ag an earnáil phoiblí agus atá faoina maoirseacht sin. Tá taithí ag an Aontas Eorpach ar thimpeallachtaí slána próiseála den sórt sin a úsáidtear le haghaidh taighde ar mhicreashonraí staidrimh ar bhonn Rialachán (AE) 557/2013 ón gCoimisiún ([39]). Go ginearálta, a mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta, ba cheart próiseáil sonraí pearsanta a bheith ag brath ar cheann amháin nó níos mó de na forais leis an bpróiseáil dá bhforáiltear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679.

(7) Na catagóirí sonraí atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí ba cheart a bheith faoi réir athúsáid faoin Rialachán seo, tá siad lasmuigh de raon feidhme Threoir (AE) 2019/1024 lena n-eisiatar sonraí nach bhfuil rochtain orthu mar gheall ar rúndacht tráchtála agus staidrimh agus sonraí a bhfuil cearta maoine intleachtúla ag tríú páirtithe ina leith. Tá sonraí pearsanta lasmuigh de raon feidhme Threoir (AE) 2019/1024 a mhéid a dhéantar rochtain ar na sonraí sin a eisiamh nó a shrianadh leis an gcóras rochtana ar chúiseanna a bhaineann le cosaint sonraí, príobháideachas agus sláine an duine aonair, go háirithe i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí. Ba cheart sonraí a athúsáid, a bhféadfadh rúin trádála a bheith iontu, gan dochar do Threoir (AE) 2016/943[40], lena leagtar síos an creat chun rúin trádála a fháil, a úsáid nó a nochtadh go dleathach. Tá an Rialachán seo gan dochar d'oibleagáidí níos sonraí ar chomhlachtaí earnála poiblí, agus tá sé comhlántach leis na hoibleagáidí sin, chun athúsáid sonraí a leagtar síos i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta earnáilsonrach a cheadú.

(8) Ba cheart feidhm a bheith ag an gcóras athúsáide dá bhforáiltear sa Rialachán seo maidir le sonraí a bhfuil a soláthar mar chuid de na cúraimí poiblí atá ar na comhlachtaí earnála poiblí lena mbaineann, mar a shainítear sin de réir dlí nó de réir rialacha ceangailteacha eile de chuid na mBallstát. Murab ann do rialacha den sórt sin,

[39] Rialachán (AE) 557/2013 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2013 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Staidreamh Eorpach i ndáil le rochtain ar shonraí rúnda chun críocha eolaíocha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 831/2002 ón gCoimisiún (IO L 164, 18.6.2013, lch. 16).

[40] OJ L 157, 15.6.2016, lch. 1-18.

ba cheart na cúraimí poiblí a shainiú i gcomhréir leis an gcleachtas riaracháin coiteann sna Ballstáit, ar choinníoll go bhfuil raon feidhme na gcúraimí poiblí trédhearcach agus faoi réir a athbhreithnithe. D’fhéadfaí na cúraimí poiblí a shainiú i gcoitinne nó de réir an cháis le haghaidh comhlachtaí aonair den earnáil phoiblí. Ós rud é nach bhfuil gnóthais phoiblí cumhdaithe ag an sainmhíniú ar chomhlacht earnála poiblí, níor cheart na sonraí atá ina seilbh a bheith faoi réir an Rialacháin seo. Ní chumhdaítear leis an Rialachán seo sonraí atá i seilbh bunaíochtaí cultúrtha agus oideachais, nach bhfuil cearta maoine intleachtúla teagmhasach ina leith, ach ar sonraí iad atá, den chuid is mó, i saothair agus i ndoiciméid eile atá cosanta ag na cearta maoine intleachtúla sin.

(9) Ba cheart do chomhlachtaí earnála poiblí dlí na hiomaíochta a chomhlíonadh agus na prionsabail le haghaidh athúsáid sonraí atá ina seilbh á mbunú acu, ag seachaint tabhairt i gcrích comhaontuithe a mhéid is féidir, ar comhaontuithe iad a bhféadfadh a gcuspóir nó a n-éifeacht a bheith acu cearta eisiacha a chruthú chun sonraí áirithe a athúsáid. Níor cheart a bheith in ann teacht ar chomhaontú den sórt sin ach amháin nuair atá bonn cirt leis agus nuair is gá sin chun seirbhís leasa ghinearálta a sholáthar. D’fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás inarb í úsáid eisiach na sonraí an t-aon bhealach amháin chun tairbhí sochaíocha na sonraí atá i gceist a uasmhéadú, mar shampla i gcás nach bhfuil ach eintiteas amháin ann (a bhfuil saineolas aige ar phróiseáil tacair sonraí sonrach) atá ábálta an tseirbhís nó an táirge a sholáthar a chuireann ar chumas an chomhlachta earnála poiblí ardseirbhís dhigiteach a sholáthar ar mhaithe leis an leas ginearálta. Ba cheart socruithe den sórt sin a thabhairt i gcrích, áfach, i gcomhréir leis na rialacha maidir le soláthar poiblí agus ba cheart iad a bheith faoi réir athbhreithniú rialta bunaithe ar anailís mhargaidh chun a fháil amach an bhfuil gá fós le heisiachas den sórt sin. Ina theannta sin, ba cheart do na socruithe sin na rialacha ábhartha maidir le Státchabhair a chomhlíonadh, de réir mar is iomchuí, agus ba cheart iad a thabhairt i gcrích ar feadh tréimhse theoranta nach faide ná trí bliana. Chun trédhearcacht a áirithiú, ba cheart comhaontuithe eisiacha den sórt sin a fhoilsiú ar líne, gan beann ar an bhféidearthacht go bhfoilseofaí dámhachtain conartha soláthair phoiblí.

(10) Níor cheart athnuachan a dhéanamh tar éis dheireadh a dtéarma ar chomhaontuithe eisiacha toirmiscthe ná ar chleachtais ná ar shocruithe eile idir sealbhóirí sonraí agus athúsáideoirí sonraí, ar comhaontuithe, cleachtais nó socruithe iad nach dtugann cearta eisiacha go sainráite ach ar féidir a bheith ag súil leis go réasúnta go gcuirfidh siad srian ar infhaighteacht sonraí lena n-athúsáid, ar comhaontuithe, cleachtais nó socruithe iad atá curtha i gcrích nó a bhí i bhfeidhm cheana féin roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. I gcás comhaontuithe éiginnte nó níos fadtéarmaí, ba cheart deireadh a chur leo laistigh de thrí bliana ón dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.

(11) Ba cheart coinníollacha a leagan síos maidir le hathúsáid sonraí cosanta a bhfuil feidhm acu maidir le comhlachtaí earnála poiblí atá inniúil faoin dlí náisiúnta chun athúsáid a cheadú, agus ar cheart iad a bheith gan dochar do chearta nó d’oibleagáidí a bhaineann le rochtain ar na sonraí sin. Ba cheart na coinníollacha sin a bheith neamh-idirdhealaitheach, comhréireach agus ba cheart bonn cirt oibiachtúil a bheith leo, gan iomaíocht a shrianadh ag an am céanna. Go háirithe, ba cheart na modhanna teicniúla is gá chun cosaint cearta agus leasanna tríú páirtithe a áirithiú a bheith i bhfeidhm ag comhlachtaí earnála poiblí a cheadaíonn athúsáid. Ba cheart na coinníollacha a bhaineann le hathúsáid sonraí a theorannú don mhéid is gá chun cearta agus leasanna daoine eile a chaomhnú sna sonraí agus i sláine na gcóras teicneolaíochta faisnéise

agus cumarsáide atá ag comhlachtaí earnála poiblí. Ba cheart do chomhlachtaí earnála poiblí coinníollacha a chur i bhfeidhm is fearr a fhónann do leasanna an athúsáideora gan iarracht dhíréireach a bheith ann dá bharr don earnáil phoiblí. Ag brath ar an gcás atá idir lámha, sula dtarchuirfear iad, ba cheart sonraí pearsanta a bheith anaithnidithe go hiomlán, ionas gurb amhlaidh go cinntitheach nach gceadófar na hábhair sonraí a shainaithint, ná na sonraí ina bhfuil faisnéis rúnda tráchtála a mhodhnú ar bhealach nach nochtfar aon fhaisnéis rúnda. I gcás nach bhfreagródh soláthar sonraí anaithnidithe nó modhnaithe do riachtanais an athúsáideora, d'fhéadfaí athúsáid ar an láthair nó cian-athúsáid na sonraí laistigh de thimpeallacht shlán phróiseála a cheadú. Ba cheart don chomhlacht earnála poiblí maoirseacht a dhéanamh ar anailísí sonraí i dtimpeallachtaí slána próiseála den sórt sin, chun cearta agus leasanna daoine eile a chosaint. Go háirithe, níor cheart sonraí pearsanta a tharchur chuig tríú páirtí lena n-athúsáid ach amháin i gcás ina gceadaítear tarchur den sórt sin le bunús dlí. D'fhéadfadh an comhlacht earnála poiblí úsáid a bhaint as timpeallacht shlán phróiseála den sórt sin faoi réir comhaontú rúndachta a bheith sínithe ag an athúsáideoir, ar comhaontú é lena dtoirmeasctar nochtadh aon fhaisnéise a chuirfeadh cearta agus leasanna tríú páirtithe a d'fhéadfadh a bheith faighte ag an athúsáideoir i mbaol d'ainneoin na gcoimircí arna gcur ar bun. Ba cheart do na comhlachtaí earnála poiblí, i gcás inarb ábhartha, athúsáid sonraí a éascú ar bhonn thoiliú na n-ábhar sonraí nó cead a fháil ó dhaoine dlítheanacha maidir le hathúsáid na sonraí a bhaineann leo trí mhodhanna teicniúla leordhóthanacha. I ndáil leis sin, ba cheart don chomhlacht earnála poiblí tacú le hathúsáideoirí ionchasacha toiliú den sórt sin a lorg trí shásraí teicniúla a bhunú lena gceadaítear iarrataí ar thoiliú ó athúsáideoirí a tharchur, nuair is indéanta go praiticiúil. Níor cheart aon fhaisnéis teagmhála a thabhairt a chuireann ar chumas athúsáideoirí dul i dteagmháil go díreach le hábhair sonraí nó le cuideachtaí.

(12) Níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh do chearta maoine intleachtúla tríú páirtithe. Níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh do bheithsine ná d'úinéireacht chearta maoine intleachtúla chomhlachtaí na hearnála poiblí, ná níor cheart dó teorainn a chur le feidhmiú na gceart sin ar aon bhealach de bhreis ar na teorainneacha a leagtar síos leis an Rialachán seo. Níor cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí a fhorchuirtear i gcomhréir leis an Rialachán seo ach sa mhéid go bhfuil siad ag teacht le comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le cearta maoine intleachtúla a chosaint, go háirithe Coinbhinsiún Bheirn chun Saothair Litríochta agus Ealaíon a Chosaint ('Coinbhinsiún Bheirn'), an Comhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil ('Comhaontú TRIPS') agus Conradh EDMI um Chóipcheart ('WCT'). Ba cheart do chomhlachtaí na hearnála poiblí, áfach, a gcóipcheart a fheidhmiú ar bhealach a éascaíonn an athúsáid.

(13) Níor cheart sonraí atá faoi réir cearta maoine intleachtúla ná rúin trádála a tharchur chuig tríú páirtí ach amháin i gcás ina bhfuil an tarchur sin dleathach de bhua dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta nó le comhaontú shealbhóir an chirt. I gcásanna ina bhfuil an ceart ag comhlachtaí de chuid na hearnála poiblí dá bhforáiltear in Airteagal 7(1) de Threoir 96/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([41]) níor cheart dóibh an ceart sin a fheidhmiú chun cosc a chur ar athúsáid sonraí nó chun srian a chur ar athúsáid thar na teorainneacha a leagtar síos leis an Rialachán seo.

(14) Ba cheart go mbeadh cuideachtaí agus ábhair sonraí in ann muinín a bheith acu go mbainfear athúsáid as catagóirí áirithe de shonraí cosanta, atá i seilbh na hearnála poiblí, ar bhealach lena n-urramófar a gcearta agus a leasanna. Dá bhrí sin, ba cheart

---

41 Treoir 96/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 1996 maidir le cosaint dhlíthiúil bunachar sonraí (IO L 77, 27.3.1996, lch. 20).

coimircí breise a chur i bhfeidhm le haghaidh cásanna ina ndéantar sonraí den sórt sin ón earnáil phoiblí a athúsáid ar bhonn phróiseáil na sonraí lasmuigh den earnáil phoiblí. D’fhéadfaí coimirce bhreise den sórt sin a bheith sa cheanglas gur cheart do chomhlachtaí earnála poiblí cearta agus leasanna daoine nádúrtha agus dlítheanacha a chur san áireamh go hiomlán (go háirithe cosaint sonraí pearsanta, sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus cosaint ceart maoine intleachtúla) i gcás ina n-aistrítear na sonraí sin chuig tríú tíortha.

(15) Ina theannta sin, tá sé tábhachtach sonraí de chineál neamhphearsanta atá íogair ó thaobh na tráchtála de a chosaint, go háirithe rúin trádála, ach sonraí neamhphearsanta freisin ar ábhar iad atá cosanta ag cearta maoine intleachtúla ar rochtain neamhdhleathach a bhféadfadh goid IP nó spiaireacht thionsclaíoch a bheith mar thoradh uirthi. Chun cosaint cearta bunúsacha nó leasanna sealbhóirí sonraí a áirithiú, níor cheart sonraí neamhphearsanta atá le cosaint ar rochtain neamhdhleathach nó neamhúdaraithe faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, agus atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí, a aistriú chuig tríú tíortha ach amháin i gcás ina gcuirtear coimircí iomchuí ar fáil maidir le húsáid sonraí. Ba cheart a mheas gurb ann do na coimircí iomchuí sin nuair atá bearta coibhéiseacha i bhfeidhm sa tríú tír sin lena n-áirithítear go dtairbhíonn sonraí neamhphearsanta de leibhéal cosanta atá comhchosúil leis an leibhéal is infheidhme trí bhíthin dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta, go háirithe a mhéid a bhaineann le rúin trádála a chosaint agus cearta maoine intleachtúla a chosaint. Chuige sin, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndearbhófar go soláthraíonn tríú tír leibhéal cosanta atá coibhéiseach, go bunúsach, leis an leibhéal cosanta a sholáthraítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta. Sa mheasúnú ar an leibhéal cosanta a thugtar i dtríú tír den sórt sin, ba cheart a chur san áireamh, go háirithe, an reachtaíocht ábhartha, idir reachtaíocht ghinearálta agus reachtaíocht earnála, lena n-áirítear i ndáil leis an tslándáil phoiblí, an chosaint, an tslándáil náisiúnta agus an dlí coiriúil, a bhaineann le rochtain ar shonraí neamhphearsanta agus cosaint sonraí neamhphearsanta, aon rochtain a dhéanfaidh údaráis phoiblí an tríú tír sin ar na sonraí a aistrítear, údarás neamhspleách maoirseachta amháin nó níos mó a bheith sa tríú tír agus é/iad ag feidhmiú go héifeachtach agus a bhfuil freagracht air/orthu áirithiú agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh an chórais dhlíthiúil lena n-áirithítear rochtain ar shonraí den sórt sin, nó gealltanais idirnáisiúnta a rinne an tríú tír sin maidir le cosaint sonraí, nó oibleagáidí eile a eascraíonn as coinbhinsiúin nó ionstraimí atá ceangailteach ó thaobh an dlí de agus as a rannpháirtíocht i gcórais iltaobhacha nó réigiúnacha. Tá tábhacht ar leith ag baint le leigheasanna dlíthiúla éifeachtacha a bheith ann do shealbhóirí sonraí, do chomhlachtaí earnála poiblí nó do sholáthraithe comhroinnte sonraí sa tríú tír lena mbaineann i gcomhthéacs sonraí neamhphearsanta a aistriú chuig an tríú tír sin. Ba cheart, dá bhrí sin, cearta in-fhorfheidhmithe agus leigheasanna éifeachtacha dlí a bheith ar fáil sna coimircí sin.

(16) I gcásanna nach bhfuil aon ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh ag an gCoimisiún i ndáil le tríú tír a dhearbhaíonn go soláthraíonn sé leibhéal cosanta, go háirithe maidir le cosaint sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus cosaint ceart maoine intleachtúla, atá coibhéiseach go bunúsach leis an gcosaint a thugtar le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, níor cheart don chomhlacht earnála poiblí sonraí cosanta a tharchur chuig athúsáideoir ach amháin má ghabhann an t-athúsáideoir oibleagáidí air féin ar mhaithe le cosaint na sonraí. Ba cheart don athúsáideoir a bhfuil sé beartaithe aige na sonraí a aistriú chuig an tríú tír sin a ghealladh go gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo fiú tar éis na sonraí a bheith aistrithe chuig an tríú tír. Chun forfheidhmiú cuí na n-oibleagáidí sin a áirithiú, ba

cheart don athúsáideoir glacadh le dlínse Bhallstát an chomhlachta earnála poiblí a cheadaigh an athúsáid le haghaidh socraíocht bhreithiúnach díospóidí.

(17) Glacann roinnt tríú tíortha dlíthe, rialacháin agus gníomhartha dlí eile a bhfuil sé d'aidhm leo sonraí neamhphearsanta san Aontas, atá faoi rialú daoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha, a aistriú go díreach nó rochtain a sholáthar orthu faoi dhlínse na mBallstát. I ndáil le breithiúnais ó chúirteanna nó ó bhinsí nó cinntí ó údaráis riaracháin i dtríú tíortha lena gceanglaítear an t-aistriú sin de shonraí neamhphearsanta nó an rochtain sin orthu, ba cheart na breithiúnais nó na cinntí sin a bheith in-fhorfheidhmithe i gcás ina bhfuil siad bunaithe ar chomhaontú idirnáisiúnta, amhail conradh ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach, atá i bhfeidhm idir an tríú tír iarrthach agus an tAontas nó an Ballstát. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé a bheith i gceist go mbeadh an oibleagáid sonraí neamhphearsanta a aistriú nó rochtain orthu a thabhairt, oibleagáid a eascraíonn as dlí tríú tír, ar neamhréir le hoibleagáid iomaíoch sonraí den sórt sin a chosaint faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, go háirithe a mhéid a bhaineann le sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus cearta maoine intleachtúla a chosaint, agus lena n-áirítear a ghealltanais chonarthacha maidir le rúndacht i gcomhréir leis an dlí sin. In éagmais comhaontuithe idirnáisiúnta lena rialáiltear ábhair den sórt sin, níor cheart aistriú ná rochtain a cheadú ach amháin faoi choinníollacha áirithe, go háirithe go gceanglaítear le córas an tríú tír go leagfar amach na cúiseanna agus an chomhréireacht a bhaineann leis an gcinneadh, gur de chineál sonrach é an t-ordú cúirte nó an cinneadh, agus go bhfuil agóid réasúnaithe an tseolaí faoi réir athbhreithniú ag cúirt inniúil sa tríú tír, a bhfuil sé de chumhacht aici aird chuí a thabhairt ar leasanna ábhartha dlí sholáthraí na sonraí sin.

(18) Chun rochtain neamhdhleathach ar shonraí neamhphearsanta a chosc, ba cheart do chomhlachtaí earnála poiblí, do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha dár deonaíodh an ceart sonraí a athúsáid, do sholáthraithe comhroinnte sonraí agus d'eintitis a iontráladh i gclár na n-eagraíochtaí altrúchais sonraí aitheanta gach beart réasúnta a dhéanamh chun rochtain ar na córais ina bhfuil sonraí neamhphearsanta á stóráil a chosc, lena n-áirítear criptiú sonraí nó beartais chorparáideacha.

(19) Chun muinín a chothú i sásraí athúsáide, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le coinníollacha níos déine a cheangal le haghaidh cineálacha áirithe sonraí neamhphearsanta a sainaithníodh mar shonraí an-íogair, a mhéid a bhaineann le haistriú go tríú tíortha, más rud é go bhféadfadh aistriú den sórt sin cuspóirí beartais phoiblí a chur i mbaol, i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta. Mar shampla, i réimse na sláinte, d'fhéadfaí tacair sonraí áirithe atá i seilbh gníomhaithe sa chóras sláinte poiblí, mar shampla ospidéil phoiblí, a aithint mar shonraí sláinte an-íogair. Chun cleachtais chomhchuibhithe ar fud an Aontais a áirithiú, ba cheart na cineálacha sonraí poiblí neamhphearsanta an-íogair sin a shainiú i ndlí an Aontais, mar shampla i gcomhthéacs an Spáis Sonraí Sláinte Eorpaigh nó reachtaíocht earnála eile. Ba cheart na coinníollacha a ghabhann le haistriú sonraí den sórt sin chuig tríú tíortha a leagan síos i ngníomhartha tarmligthe. Ba cheart na coinníollacha a bheith comhréireach, neamh-idirdhealaitheach agus riachtanach chun cuspóirí dlisteanacha beartais phoiblí arna sainaithint a chosaint, amhail an tsláinte phoiblí, an t-ord poiblí, an tsábháilteacht, an comhshaol, an mhoráltacht phoiblí, cosaint tomhaltóirí, príobháideachas agus sonraí pearsanta a chosaint. Ba cheart do na coinníollacha freagairt do na rioscaí arna sainaithint i ndáil le híogaireacht na sonraí sin, lena n-áirítear i dtéarmaí an riosca go ndéanfaí daoine aonair a ath-shainaithint. D'fhéadfaí a áireamh ar na coinníollacha sin téarmaí is infheidhme maidir leis an aistriú nó socruithe teicniúla, mar shampla an ceanglas maidir le timpeallacht shlán phróiseála a úsáid, teorainneacha a mhéid a

bhaineann le hathúsáid sonraí i dtríú tíortha nó catagóirí daoine atá i dteideal na sonraí sin a aistriú chuig tríú tíortha nó ar féidir leo rochtain a fháil ar na sonraí sa tríú tír. I gcásanna eisceachtúla d'fhéadfadh srianta ar aistriú na sonraí chuig tríú tíortha a bheith san áireamh freisin chun leas an phobail a chosaint.

(20) Ba cheart go mbeadh comhlachtaí earnála poiblí in ann táillí a ghearradh ar athúsáid sonraí ach ba cheart go mbeidís in ann cinneadh a dhéanamh freisin na sonraí a chur ar fáil ar chostas níos ísle nó saor in aisce, mar shampla do chatagóirí áirithe athúsáide amhail athúsáid neamhthráchtála, nó athúsáid ag fiontair bheaga agus mheánmhéide, chun athúsáid den sórt sin a dhreasú chun taighde agus nuálaíocht a spreagadh agus chun tacú le cuideachtaí ar foinse thábhachtach nuálaíochta iad agus a mbíonn sé níos deacra dóibh, de ghnáth, sonraí ábhartha a bhailiú iad féin, i gcomhréir le rialacha an Stáit. Ba cheart na táillí sin a bheith réasúnach, trédhearcach, foilsithe ar líne agus neamh-idirdhealaitheach.

(21) Chun athúsáid na gcatagóirí sonraí sin a dhreasú, ba cheart do na Ballstáit pointe faisnéise aonair a bhunú chun gníomhú mar phríomh-chomhéadan d'athúsáideoirí a fhéachann le sonraí den sórt sin atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí a athúsáid. Ba cheart sainchúram trasearnála a bheith aige, agus ba cheart dó socruithe ar leibhéal na hearnála a chomhlánú, más gá. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit comhlachtaí inniúla a ainmniú, a bhunú nó a éascú chun tacú le gníomhaíochtaí comhlachtaí earnála poiblí a cheadaíonn athúsáid catagóirí áirithe de shonraí cosanta. Féadfar a áireamh ar a gcúraimí rochtain ar shonraí a dheonú, i gcás ina sainordaítear sin i reachtaíocht earnála an Aontais nó i reachtaíocht na mBallstát. Ba cheart do na comhlachtaí inniúla sin tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí san earnáil phoiblí le teicnící úrscothacha, lena n-áirítear timpeallacht shlán róiseála sonraí, lena gceadaítear anailís ar shonraí ar bhealach a chaomhnaíonn príobháideachas na faisnéise. D'fhéadfadh struchtúr tacaíochta den sórt sin tacú leis na sealbhóirí sonraí maidir leis an toiliú a bhainistiú, lena n-áirítear toiliú le réimsí áirithe den taighde eolaíoch i gcomhréir le caighdeáin eiticiúla aitheanta i ndáil leis an taighde eolaíoch. Ba cheart próiseáil sonraí a dhéanamh faoi fhreagracht an chomhlachta earnála poiblí atá freagrach as an gclár ina bhfuil na sonraí, comhlacht a fhanann ina rialaitheoir sonraí de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679 a mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta. D'fhéadfadh comhlacht inniúil amháin nó roinnt comhlachtaí inniúla a bheith i bhfeidhm ag na Ballstáit, a d'fhéadfadh gníomhú in earnálacha éagsúla.

(22) Táthar ag súil go mbeidh ról lárnach ag soláthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí (idirghabhálaithe sonraí) sa gheilleagar sonraí, mar uirlis chun comhiomlánú agus malartú méideanna substaintiúla sonraí ábhartha a éascú. Idirghabhálaithe sonraí a thairgeann seirbhísí a nascann na gníomhaithe éagsúla, tá sé d'acmhainn acu rannchuidiú le comhthiomsú éifeachtúil sonraí chomh maith le comhroinnt dhéthaobhach sonraí a éascú. D'fhéadfadh idirghabhálaithe sonraí speisialaithe atá neamhspleách ar shealbhóirí sonraí agus ar úsáideoirí sonraí araon ról éascaitheora a bheith acu i dtaca le héiceachórais nua sonraíbhunaithe a bheith ag teacht chun cinn, neamhspleách ar aon rannpháirtí a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh aige. Níor cheart a chumhdach leis an Rialachán seo ach soláthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí a bhfuil sé mar phríomhchuspóir acu gnó a bhunú, caidreamh dlíthiúil a bhunú idir sealbhóirí sonraí, lena n-áirítear ábhair sonraí, ar thaobh amháin, agus úsáideoirí ionchasacha ar an taobh eile, agus b'fhéidir caidreamh teicniúil eatarthu freisin, agus cuidiú leis an dá pháirtí in idirbheart sócmhainní sonraí idir an dá pháirtí sin. Níor cheart a chumhdach leis ach seirbhísí arb é is aidhm dóibh idirghabháil a dhéanamh idir líon éiginnte sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí, seachas seirbhísí

comhroinnte sonraí atá ceaptha lena n-úsáid ag grúpa iata sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí. Ba cheart soláthraithe néalseirbhísí a eisiamh, chomh maith le soláthraithe seirbhíse a fhaigheann sonraí ó shealbhóirí sonraí, a dhéanann na sonraí a chomhiomlánú, a shaibhriú, nó a chlaochlú agus a dhéanann na sonraí a thagann as sin a cheadúnú d'úsáideoirí sonraí, gan caidreamh díreach a bhunú idir sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí, mar shampla bróicéirí sonraí nó fógraíochta, comhairliúcháin sonraí, agus soláthraithe táirgí sonraí a bheidh mar thoradh ar bhreisluach a chuir an soláthraí seirbhíse leis na sonraí. Ag an am céanna, ba cheart cead a bheith ag soláthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí oiriúnuithe a dhéanamh ar na sonraí a mhalartaítear, a mhéid a fheabhsaíonn sé sin inúsáidteacht na sonraí ag an úsáideoir sonraí, i gcás ina dteastaíonn sé sin ón úsáideoir sonraí, mar shampla iad a thiontú i bhformáidí sonracha. Ina theannta sin, níor cheart seirbhísí lena ndírítear ar idirghabháil ábhair, go háirithe ar inneachar atá faoi chosaint cóipchirt, a chumhdach faoin Rialachán seo. Ardáin malartaithe sonraí atá in úsáid go heisiach ag sealbhóir sonraí amháin chun gur féidir sonraí atá ina sheilbh aige a úsáid mar aon le hardáin arna bhforbairt i gcomhthéacs rudaí agus feistí atá nasctha le hIdirlíon na Rudaí Nithiúla a bhfuil sé mar phríomhchuspóir acu feidhmiúlachtaí an chuspóra nasctha nó na feiste nasctha a áirithiú agus a cheadaíonn seirbhísí breisluacha, níor cheart iad a chumhdach leis an Rialachán seo. 'Soláthraithe teilitéipe comhdhlúite' de réir bhrí Airteagal 4(1) pointe 53 de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [42] chomh maith le 'soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntasaíochta' de réir bhrí Airteagal 4 pointe 19 de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43], níor cheart a mheas gur soláthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí iad chun críocha an Rialacháin seo. Eintitis a chuireann srian ar a ngníomhaíochtaí chun úsáid sonraí, a chuirtear ar fáil ar bhonn altrúchais sonraí, a éascú agus a fheidhmíonn ar bhonn neamhbhrabúsach, níor cheart iad a chumhdach le Caibidil III den Rialachán seo, toisc go bhfónann an ghníomhaíocht seo do chuspóirí leasa ghinearálta trí mhéid na sonraí atá ar fáil a mhéadú chun na gcríoch sin.

(23) I gcatagóir shonrach idirghabhálaithe sonraí áirítear soláthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí a thairgeann a gcuid seirbhísí d'ábhair sonraí de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679. Is ar shonraí pearsanta amháin a dhíríonn na soláthraithe sin agus féachann siad le feabhas a chur ar an ngníomhú aonair agus ar an rialú atá ag an duine aonair ar na sonraí a bhaineann leis. Chuideodh siad le daoine aonair a gcearta a fheidhmiú faoi Rialachán (AE) 2016/679, go háirithe trí bhainistiú a dhéanamh ar a dtoiliú maidir le próiseáil sonraí, an ceart rochtana ar a gcuid sonraí féin, an ceart go gceartófaí sonraí pearsanta míchruinne, an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a scriosadh nó an ceart go ndéanfaí sonraí a ligean i ndearmad, an ceart an phróiseáil a shrianadh agus an ceart chun iniomparthachta sonraí, lena gceadaítear do na hábhair sonraí a sonraí pearsanta a aistriú ó rialaitheoir amháin go rialaitheoir eile. Sa chomhthéacs seo, tá sé tábhachtach go n-áirithíonn a samhail ghnó nach bhfuil aon dreasachtaí mí-ailínithe ann a spreagann daoine aonair chun níos mó sonraí a chur ar fáil le haghaidh próiseála ná mar atá ar mhaithe leis an duine aonair féin. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, comhairle a chur ar dhaoine aonair maidir le húsáidí dá gcuid sonraí a d'fhéadfaidís a cheadú agus seiceálacha díchill chuí a dhéanamh ar úsáideoirí sonraí sula gceadófaí dóibh dul i

42 Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE, IO L 173/349.

43 Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoir 2002/65/CE, Treoir 2009/110/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE.

dteagmháil le hábhair sonraí, chun cleachtais chalaoiseacha a sheachaint. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé gurbh inmhianaithe sonraí iarbhír a chomhthiomsú laistigh de spás stórála sonraí pearsanta, nó laistigh de 'spás sonraí pearsanta' ionas gur féidir próiseáil a dhéanamh laistigh den spás sin gan sonraí pearsanta a tharchur chuig tríú páirtithe chun an chosaint is fearr is féidir a thabhairt do shonraí pearsanta agus do phríobháideachas.

(24) Tá sé d'aidhm ag comharchumainn sonraí seasamh daoine aonair a neartú maidir le roghanna eolasacha a dhéanamh sula dtoilíonn siad le húsáid sonraí, tionchar a imirt ar théarmaí agus ar choinníollacha na n-eagraíochtaí úsáideoirí sonraí a ghabhann le sonraí a úsáid nó díospóidí a d'fhéadfadh a bheith idir baill grúpa a réiteach maidir le conas is féidir sonraí a úsáid nuair a bhaineann na sonraí sin le roinnt ábhar sonraí laistigh den ghrúpa sin. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach a aithint nach féidir ach le gach duine aonair na cearta faoi Rialachán (AE) 2016/679 a fheidhmiú agus nach féidir iad a thabhairt do chomharchumann sonraí ná a tharmligean chuige. D'fhéadfadh comharchumainn sonraí modh úsáideach a chur ar fáil freisin do chuideachtaí duine amháin, do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide a bhíonn inchomparáide go minic, ó thaobh eolais ar chomhroinnt sonraí, le daoine aonair.

(25) Chun muinín as seirbhísí comhroinnte sonraí den sórt sin a mhéadú, go háirithe maidir le húsáid sonraí agus comhlíonadh na gcoinníollacha arna bhforchur ag sealbhóirí sonraí, is gá creat rialála ar leibhéal an Aontais a chruthú, ina leagfaí amach ceanglais an-chomhchuibhithe a bhaineann le seirbhísí comhroinnte sonraí den sórt sin a sholáthar go hiontaofa. Cuideoidh sé sin lena áirithiú go mbeidh smacht níos fearr ag sealbhóirí sonraí agus ag úsáideoirí sonraí ar rochtain agus ar úsáid a gcuid sonraí, i gcomhréir le dlí an Aontais. I gcásanna ina dtarlaíonn comhroinnt sonraí i gcomhthéacs gnólacht le gnólacht agus ina dtarlaíonn sé i gcomhthéacs gnólacht le tomhaltóir araon, ba cheart do sholáthraithe comhroinnte sonraí bealach nua 'Eorpach' de rialachas sonraí a thairiscint, trí dheighilt a sholáthar sa gheilleagar sonraí idir soláthar, idirghabháil agus úsáid sonraí. Féadfaidh soláthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí bonneagar teicniúil sonrach a chur ar fáil freisin chun sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí a idirnascadh.

(26) Tá neodracht na soláthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí, maidir leis na sonraí a mhalartaítear idir sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí, ina príomhghné chun muinín agus breis rialaithe a chothú i measc sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí i seirbhísí comhroinnte sonraí. Dá bhrí sin, ní mór do sholáthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí gan gníomhú ach mar idirghabhálaithe sna hidirbhearta, agus gan na sonraí a mhalartaítear a úsáid chun aon chríche eile. Beidh gá freisin le deighilt struchtúrach a dhéanamh idir an tseirbhís comhroinnte sonraí agus aon seirbhísí eile a chuirtear ar fáil, ionas go seachnófar ceisteanna coinbhleachta leasa. Ciallaíonn sé sin gur cheart an tseirbhís comhroinnte sonraí a sholáthar trí eintiteas dlíthiúil atá ar leithligh ó ghníomhaíochtaí eile an tsoláthraí comhroinnte sonraí sin. Maidir le soláthraithe comhroinnte sonraí a dhéanann idirghabháil ar an malartú sonraí idir daoine aonair mar shealbhóirí sonraí agus daoine dlítheanacha, ba cheart, ina theannta sin, dualgas muiníneach a bheith orthu i leith na ndaoine aonair, chun a áirithiú go ngníomhóidh siad ar mhaithe le leas na sealbhóirí sonraí.

(27) Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na soláthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo, ba cheart áit bhunaíochta a bheith ag na soláthraithe sin san Aontas. De rogha air sin, i gcás ina dtairgeann soláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí nach bhfuil bunaithe san Aontas seirbhísí laistigh den

Aontas, ba cheart dó ionadaí a ainmniú. Tá sé riachtanach ionadaí a ainmniú, ós rud é go láimhseálann na soláthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí sin sonraí pearsanta chomh maith le sonraí rúnda tráchtála, rud a fhágann go gcaithfear dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo ag na soláthraithe seirbhísí sin. Chun a chinneadh an bhfuil seirbhísí á dtairiscint ag an soláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí sin laistigh den Aontas, ba cheart a fháil amach an bhfuil sé soiléir go bhfuil sé mar rún ag an soláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí seirbhísí a thairiscint do dhaoine i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit. Ba cheart a mheas nach bhfuil rochtain san Aontas ar an suíomh gréasáin nó ar sheoladh ríomhphoist ná ar shonraí teagmhála eile an tsoláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí, ná ar úsáid teanga a úsáidtear de ghnáth sa tríú tír ina bhfuil an soláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí bunaithe, leordhóthanach chun an rún sin a fháil amach. Mar sin féin, d’fhéadfadh fachtóirí mar úsáid teanga nó airgeadra a úsáidtear de ghnáth i mBallstát amháin nó níos mó agus an fhéidearthacht ann seirbhísí a ordú sa teanga eile sin, nó úsáideoirí atá san Aontas a lua, a léiriú go bhfuil sé beartaithe ag an soláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí seirbhísí a thairiscint laistigh den Aontas. Ba cheart don ionadaí gníomhú thar ceann an tsoláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí agus ba cheart go mbeadh na húdaráis inniúla in ann dul i dteagmháil leis an ionadaí. Ba cheart an t-ionadaí a ainmniú trí shainordú i scríbhinn ón soláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí chun gníomhú ar a shon maidir leis na hoibleagáidí sin atá air faoin Rialachán seo.

(28) Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar don oibleagáid atá ar sholáthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh agus don fhreagracht atá ar na húdaráis mhaoirseachta comhlíonadh an Rialacháin sin a áirithiú. I gcás inar rialaitheoirí nó próiseálaithe sonraí iad na soláthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679, tá siad faoi cheangal rialacha an Rialacháin sin. Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí na hiomaíochta freisin.

(29) Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí bearta a dhéanamh freisin chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlí na hiomaíochta. D’fhéadfadh cineálacha éagsúla éifeachtúlachta teacht as comhroinnt sonraí ach d’fhéadfadh srianta iomaíochta teacht as freisin, go háirithe i gcás ina n-áirítear léi faisnéis atá íogair ó thaobh na hiomaíochta de a chomhroinnt. Tá feidhm aige sin go háirithe i gcásanna ina gcuireann comhroinnt sonraí ar chumas gnólachtaí a bheith ar an eolas faoi straitéisí margaidh a gcuid iomaitheoirí iarbhír nó ionchasacha. Is iondúil go mbíonn faisnéis maidir le praghsanna sa todhchaí, costais táirgthe, cainníochtaí, láimhdeachas, díolacháin nó acmhainneachtaí san áireamh i bhfaisnéis atá íogair ó thaobh na hiomaíochta de.

(30) Ba cheart nós imeachta um fhógra a thabhairt maidir le seirbhísí comhroinnte sonraí a bhunú chun rialachas sonraí a áirithiú laistigh den Aontas bunaithe ar mhalartú iontaofa sonraí. Is fearr a bhainfear amach na tairbhí a bhaineann le timpeallacht iontaofa trí roinnt ceanglas a fhorchur chun seirbhísí comhroinnte sonraí a sholáthar, ach gan ceangal a chur ar an údarás inniúil aon chinneadh sainráite nó gníomh riaracháin a dhéanamh chun na seirbhísí sin a sholáthar.

(31) Chun tacú le soláthar éifeachtach trasteorann seirbhísí, níor cheart a iarraidh ar an soláthraí comhroinnte sonraí fógra a sheoladh ach amháin chuig an údarás inniúil ainmnithe ón mBallstát ina bhfuil a phríomhbhunaíocht lonnaithe nó chuig an áit ina bhfuil a ionadaí dlíthiúil lonnaithe. Níor cheart go mbeadh i gceist leis an bhfógra sin ach dearbhú amháin maidir leis an rún seirbhísí den sórt sin a sholáthar agus níor cheart é a chur i gcrích ach leis an bhfaisnéis a leagtar amach sa Rialachán seo.

(32) Ba cheart an Ballstát sin ina bhfuil a riarachán lárnach san Aontas a mheas mar phríomhbhunaíocht soláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí san Aontas. Ba cheart príomhbhunaíocht soláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí san Aontas a chinneadh de réir critéir oibiachtúla agus ba cheart feidhmiú éifeachtach iarbhír na ngníomhaíochtaí bainistíochta a thabhairt le tuiscint leo.

(33) Ba cheart na húdaráis inniúla atá ainmnithe chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas sa Rialachán seo ag seirbhísí comhroinnte sonraí a roghnú ar bhonn a gcumais agus a saineolais maidir le comhroinnt chothrománach nó earnálach sonraí, agus ba cheart dóibh a bheith neamhspleách chomh maith agus iad trédhearcach agus neamhchlaonta i bhfeidhmiú a gcúraimí. Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi chéannacht na n-údarás inniúil ainmnithe.

(34) Ba cheart an creat um fhógra a thabhairt a leagtar síos sa Rialachán seo a bheith gan dochar do rialacha sonracha breise maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte sonraí is infheidhme trí bhíthin reachtaíocht earnáilsonrach.

(35) Tá acmhainneacht láidir in úsáid na sonraí a chuireann ábhair sonraí ar fáil go deonach bunaithe ar a dtoiliú nó, i gcás ina mbaineann sé le sonraí neamhphearsanta, arna gcur ar fáil ag daoine dlítheanacha, chun críoch leasa ghinearálta. D’áireofaí ar na cuspóirí sin cúram sláinte, an t-athrú aeráide a chomhrac, soghluaisteacht a fheabhsú, bunú staidrimh oifigiúil a éascú nó soláthar seirbhísí poiblí a fheabhsú. Ba cheart tacaíocht do thaighde eolaíoch, lena n-áirítear mar shampla forbairt theicneolaíoch agus taisealbhadh, taighde bunúsach, taighde feidhmeach agus taighde a mhaoinítear go príobháideach, a mheas mar chuspóirí leasa ghinearálta chomh maith. Tá sé d’aidhm ag an Rialachán seo rannchuidiú le teacht chun cinn comhthiomsuithe sonraí a chuirtear ar fáil ar bhonn altrúchais sonraí, ar comhthiomsuithe iad atá mór go leor chun anailísíocht sonraí agus meaisínfhoghlaim a chumasú, lena n-áirítear thar theorainneacha san Aontas.

(36) Eintitis dhlíthiúla a fhéachann le tacú le cuspóirí leasa ghinearálta trí shonraí ábhartha a chur ar fáil bunaithe ar altrúchas sonraí ar scála agus a chomhlíonann ceanglais áirithe, ba cheart dóibh a bheith in ann clárú mar ‘Eagraíochtaí Altrúchais Sonraí atá aitheanta san Aontas’. D’fhéadfadh bunú stóras sonraí a bheith mar thoradh air sin. Ós rud é go mbeadh clárú i mBallstát bailí ar fud an Aontais, ba cheart go n-éascódh sé sin úsáid sonraí trasteorann laistigh den Aontas agus teacht chun cinn comhthiomsuithe sonraí lena gcumhdaítear roinnt Ballstát. I ndáil leis sin, thoileodh ábhair sonraí le cuspóirí sonracha na próiseála sonraí, ach d’fhéadfaidís toiliú freisin le próiseáil sonraí i réimsí áirithe taighde nó i gcodanna de thionscadail taighde toisc gur minic nach féidir , tráth bhailiú na sonraí, cuspóir na próiseála sonraí pearsanta chun críocha an taighde eolaíoch a shainaithint go hiomlán. D’fhéadfadh daoine dlítheanacha cead a thabhairt a sonraí neamhphearsanta a phróiseáil chun raon cuspóirí nach bhfuil sainithe tráth a thugann siad an cead. Agus tacar ceanglas á chomhlíonadh go deonach ag na heintitis chláraithe sin, ba cheart go gcruthófaí muinín leis sin go bhfuil na sonraí a chuirtear ar fáil ar chúiseanna altrúchais ag freastal ar chuspóir leasa ghinearálta. Ba cheart an mhuinín sin a bheith ann mar thoradh go háirithe ar áit bhunaíochta a bheith laistigh den Aontas, agus mar thoradh ar an gceanglas saintréith neamhbhrabúsach a bheith in eintitis chláraithe, ar cheanglais trédhearcachta agus ar choimircí sonracha atá i bhfeidhm chun cearta agus leasanna na n-ábhar sonraí agus cuideachtaí a chosaint. Ba cheart a áireamh ar na coimircí breise go bhféadfar sonraí ábhartha a phróiseáil laistigh de thimpeallacht shlán phróiseála a oibríonn an t-eintiteas cláraithe, sásraí formhaoirseachta mar chomhairlí eitice nó boird chun a áirithiú go gcoinníonn an rialaitheoir sonraí ardchaighdeáin eitice eolaíochta, modhanna teicniúla

éifeachtacha chun toiliú a tharraingt siar nó a mhodhnú tráth ar bith, bunaithe ar na hoibleagáidí faisnéise atá ar phróiseálaithe sonraí faoi Rialachán (AE) 2016/679 chomh maith le modhanna do na hábhair sonraí a bheith ar an eolas i rith an ama faoin úsáid a bhaintear as na sonraí a chuir siad ar fáil.

(37) Tá an Rialachán seo gan dochar do bhunú, d'eagrú agus d'fheidhmiú eintiteas a fhéachann le páirt a ghlacadh in altrúchas sonraí de bhun an dlí náisiúnta. Cuireann sé le ceanglais an dlí náisiúnta oibriú go dleathach i mBallstát mar eagraíocht neamhbhrabúsach. Ba cheart d'eintitis a chomhlíonann na ceanglais sa Rialachán seo a bheith in ann an teideal 'Eagraíochtaí Altrúchais Sonraí atá aitheanta san Aontas' a úsáid.

(38) Ba cheart d'Eagraíochtaí Altrúchais Sonraí atá aitheanta san Aontas a bheith in ann sonraí ábhartha a bhailiú go díreach ó dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha nó sonraí arna mbailiú ag daoine eile a phróiseáil. Go hiondúil, bheadh altrúchas sonraí ag brath ar thoiliú na n-ábhar sonraí de réir bhrí Airteagail 6(1)(a) agus 9(2)(a) agus i gcomhréir leis na ceanglais maidir le toiliú dleathach i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2016/679. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, is féidir tacú le cuspóirí taighde eolaíoch trí thoiliú le réimsí áirithe taighde eolaíoch i gcomhréir le caighdeáin eiticiúla aitheanta don taighde eolaíoch nó gan toiliú ach le réimsí áirithe taighde nó le codanna áirithe de thionscadail taighde. Sonraítear in Airteagal 5(1)(b) de Rialachán (AE) 2016/679 nár cheart a mheas go bhfuil tuilleadh próiseála chun críoch taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críoch staidrimh, i gcomhréir le hAirteagal 89(1) de Rialachán (AE) 2016/679, ar neamhréir leis na cuspóirí tosaidh.

(39) Chun deimhneacht dhlíthiúil bhreise a thabhairt maidir le toiliú a dheonú agus a tharraingt siar, go háirithe i gcomhthéacs an taighde eolaíoch agus na húsáide staidrimh a bhaintear as sonraí a chuirtear ar fáil ar bhonn altrúchais, ba cheart foirm thoilithe Eorpach i ndáil le haltrúchas sonraí a fhorbairt agus a úsáid i gcomhthéacs comhroinnt sonraí altrúchais. Ba cheart go gcuirfeadh an fhoirm sin le trédhearcacht bhreise d'ábhair sonraí go ndéanfar a gcuid sonraí a rochtain agus a úsáid i gcomhréir lena dtoiliú agus i gcomhréir iomlán leis na rialacha cosanta sonraí. D'fhéadfaí é a úsáid freisin chun an t-altrúchas sonraí a dhéanann cuideachtaí a chuíchóiriú agus sásra a chur ar fáil lena gceadaítear do chuideachtaí den sórt sin a gcead chun na sonraí a úsáid a tharraingt siar. Chun sainiúlachtaí na n-earnálacha aonair a chur san áireamh, lena n-áirítear ó thaobh na cosanta sonraí de, ba cheart deis a bheith ann coigeartuithe earnála a dhéanamh ar an bhfoirm thoilithe Eorpach i ndáil le haltrúchas sonraí.

(40) Chun an creat rialachais sonraí a chur chun feidhme go rathúil, ba cheart Bord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí a bhunú, i bhfoirm sainghrúpa. Ba cheart ionadaithe ó na Ballstáit, ón gCoimisiún agus ionadaithe ó spásanna sonraí ábhartha agus ó earnálacha sonracha (mar shampla sláinte, talmhaíocht, iompar agus staidreamh) a bheith ar an mBord sin. Ba cheart a iarraidh ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí ionadaí a cheapadh ar an mBord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí.

(41) Ba cheart don Bhord tacú leis an gCoimisiún le cleachtais agus beartais náisiúnta a chomhordú i dtaca leis na hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo, agus le tacaíocht a thabhairt d'úsáid sonraí trasearnála trí chloí le prionsabail an Chreata Eorpaigh Idir-inoibritheachta (CEI) agus trí chaighdeáin agus sonraíochtaí atá ann cheana (mar na Croífhoclóiríní[44] agus Bunchlocha CEF[45]) a úsáid, gan dochar d'obair chaighdeánaithe a dhéantar in earnálacha nó réimsí sonracha. Féadfar a áireamh san

[44] https://joinup.ec.europa.eu/collection/semantic-interoperability-community-semic/core-vocabularies
[45] https://joinup.ec.europa.eu/collection/connecting-europe-facility-cef

obair sin ar chaighdeánú teicniúil tosaíochtaí a shainaithint chun caighdeáin a fhorbairt agus tacar caighdeán teicniúil agus dlíthiúil a bhunú agus a chothabháil chun sonraí a tharchur idir dhá thimpeallacht phróiseála lena bhféadfar spásanna sonraí a eagrú gan dul i muinín idirghabhálaí. Ba cheart don Bhord comhoibriú le comhlachtaí, líonraí nó grúpaí saineolaithe earnála, nó le heagraíochtaí trasearnála eile a dhéileálann le hathúsáid sonraí. Maidir leis an altrúchas sonraí, ba cheart don Bhord cuidiú leis an gCoimisiún an fhoirm toilithe i ndáil le haltrúchas sonraí a fhorbairt, i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí.

(42) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an fhoirm thoilithe Eorpach i ndáil le haltrúchas sonraí a fhorbairt. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46].

(43) Chun cineál sonrach catagóirí áirithe sonraí a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun coinníollacha speisialta a leagan síos is infheidhme maidir le catagóirí áirithe sonraí neamhphearsanta a aistriú chuig tríú tíortha, ar sonraí iad a mheastar a bheith an-íogair, i ngníomhartha sonracha de chuid an Aontais arna nglacadh trí nós imeachta reachtach. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(44) Níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm na rialacha iomaíochta, agus go háirithe Airteagail 101 agus 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Níor cheart na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a úsáid chun iomaíocht a shrianadh ar bhealach atá contrártha leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Baineann sé sin go háirithe leis na rialacha maidir le faisnéis atá íogair ó thaobh na hiomaíochta de a mhalartú idir iomaitheoirí iarbhír nó ionchasacha trí sheirbhísí comhroinnte sonraí.

(45) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([47])agus thug siad tuairim an […].

(46) Sa Rialachán seo urramaítear na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear, go háirithe, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena

---

46 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

47 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

n-áirítear an ceart chun príobháideachais, cosaint sonraí pearsanta, saoirse fiontraíochta, an ceart chun maoine agus lánpháirtiú daoine atá faoi mhíchumas.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I
## FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*
*Ábhar agus raon feidhme*

(1) Leagtar síos leis an Rialachán seo:

(a) coinníollacha maidir le catagóirí áirithe sonraí atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí a athúsáid laistigh den Aontas;

(b) creat um fhógra a thabhairt agus maoirseacht a dhéanamh chun seirbhísí comhroinnte sonraí a sholáthar;

(c) creat le haghaidh clárú deonach na n-eintiteas a bhailíonn agus a phróiseálann sonraí a chuirtear ar fáil chun críoch altrúchais.

(2) Tá an Rialachán seo gan dochar d'fhorálacha sonracha i ngníomhartha dlí eile de chuid an Aontais maidir le rochtain ar chatagóirí áirithe sonraí, nó maidir le hathúsáid catagóirí áirithe sonraí, nó ceanglais a bhaineann le sonraí pearsanta nó neamhphearsanta a phróiseáil. I gcás ina gceanglófar le gníomh dlí earnáilsonrach de chuid an Aontais ar chomhlachtaí earnála poiblí, ar sholáthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí nó ar eintitis chláraithe a sholáthraíonn seirbhísí altrúchais sonraí ceanglais theicniúla, riaracháin nó eagraíochtúla shonracha bhreise a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí chóras údaraithe nó deimhniúcháin, beidh feidhm freisin ag na forálacha sin den ghníomh dlí earnáilsonrach sin de chuid an Aontais.

*Airteagal 2*
*Sainmhínithe*

Chun críoch an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'sonraí' aon léiriú digiteach ar ghníomhartha, ar fhíricí nó ar fhaisnéis agus aon tiomsú de na gníomhartha, na fíricí nó an fhaisnéis sin, lena n-áirítear mar thaifead fuaime, físe nó closamhairc;

(2) ciallaíonn 'athúsáid' an úsáid a bhaineann daoine nádúrtha nó dlítheanacha as sonraí atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí, chun críoch tráchtála nó neamhthráchtála seachas an cuspóir tosaigh a bhí ann laistigh den chúram phoiblí ar táirgeadh na sonraí chuige, diomaite den mhalartú sonraí idir comhlachtaí earnála poiblí chun a gcúraimí poiblí a shaothrú agus chuige sin amháin;

(3) ciallaíonn 'sonraí neamhphearsanta' sonraí seachas sonraí pearsanta mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/679;

(4) ciallaíonn 'meiteashonraí' sonraí a bhailítear maidir le haon ghníomhaíocht de chuid duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh chun críocha seirbhís chomhroinnte sonraí a sholáthar, lena n-áirítear sonraí maidir le dáta, am agus geoshuíomh, fad na gníomhaíochta, naisc le daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile arna socrú ag an duine a úsáideann an tseirbhís;

(5) ciallaíonn ‘sealbhóir sonraí’ duine dlítheanach nó ábhar sonraí a bhfuil sé de cheart aige, i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta is infheidhme, rochtain a dheonú ar shonraí áirithe pearsanta nó neamhphearsanta atá faoina rialú nó iad a roinnt;

(6) ciallaíonn ‘úsáideoir sonraí’ duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil rochtain dhleathach aige ar shonraí áirithe pearsanta nó neamhphearsanta agus atá údaraithe na sonraí sin a úsáid chun críoch tráchtála nó neamhthráchtála;

(7) ciallaíonn ‘comhroinnt sonraí’ sonraí arna gcur ar fáil ag sealbhóir sonraí d’úsáideoir sonraí chun críoch úsáid chomhpháirteach nó úsáid aonair na sonraí comhroinnte, bunaithe ar chomhaontuithe deonacha, go díreach nó trí idirghabhálaí;

(8) ciallaíonn ‘rochtain’ próiseáil a dhéanann úsáideoir sonraí ar shonraí a chuireann sealbhóir sonraí ar fáil, i gcomhréir le ceanglais shonracha theicniúla, dhlíthiúla nó eagraíochtúla, agus ní gá go dtuigfí as sin tarchur ná íoslódáil sonraí den sórt sin;

(9) ciallaíonn ‘príomhbhunaíocht’ eintiteas dlíthiúil áit a riaracháin lárnaigh san Aontas;

(10) ciallaíonn ‘altrúchas sonraí’ an cead ó ábhair sonraí chun sonraí pearsanta a bhaineann leo a phróiseáil, nó ceadanna ó shealbhóirí eile sonraí a sonraí neamhphearsanta a úsáid gan luaíocht a lorg, chun críoch leasa ghinearálta, amhail cuspóirí taighde eolaíoch nó seirbhísí poiblí a fheabhsú;

(11) ciallaíonn ‘comhlacht earnála poiblí’ an Stát, údaráis réigiúnacha nó áitiúla, comhlachtaí a rialaítear leis an dlí poiblí nó comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó roinnt údarás den sórt sin nó comhlacht amháin nó roinnt comhlachtaí den sórt sin a rialaítear leis an dlí poiblí;

(12) ciallaíonn ‘comhlachtaí a rialaítear leis an dlí poiblí’ comhlachtaí ag a bhfuil na tréithe seo a leanas:

(a) bunaítear iad leis an gcuspóir sonrach riachtanais leasa ghinearálta a chomhlíonadh, agus níl carachtar tionsclaíoch ná tráchtála acu;

(b) tá pearsantacht dhlítheanach acu;

(c) tá siad á maoiniú, den chuid is mó, ag an Stát, ag údaráis réigiúnacha nó áitiúla, nó ag comhlachtaí eile a rialaítear leis an dlí poiblí; nó tá siad faoi réir faireachán bainistíochta ag údaráis nó ag comhlachtaí den sórt sin; nó tá bord riaracháin, bainistíochta nó faireacháin acu, a bhfuil níos mó ná leath dá chomhaltaí ceaptha ag an Stát, ag údaráis réigiúnacha nó áitiúla nó ag comhlachtaí eile a rialaítear leis an dlí poiblí;

(13) ciallaíonn ‘gnóthas poiblí’ aon ghnóthas a bhféadfaidh comhlachtaí na hearnála poiblí tionchar ceannasach a imirt go díreach nó go hindíreach air de bhua a n-úinéireachta air, a rannpháirteachais airgeadais ann, nó na rialacha lena rialaítear é; chun críoch an tsainmhínithe seo, measfar go bhfuil tionchar ceannasach á imirt ag na comhlachtaí earnála poiblí in aon cheann de na cásanna inar fíor an méid seo a leanas maidir leis na comhlachtaí sin, go díreach nó go hindíreach:

(a) tá formhór de chaipiteal suibscríofa an ghnóthais acu;

(b) rialaíonn siad, go díreach nó go hindíreach, formhór na vótaí a ghabhann leis na scaireanna arna n-eisiúint ag an ngnóthas;

(c) is féidir leo níos mó ná leath de chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an ghnóthais a cheapadh.

(14) ciallaíonn ‘timpeallacht shlán phróiseála’ an timpeallacht fhisiceach nó fhíorúil agus na modhanna eagraíochtúla chun an deis a thabhairt sonraí a athúsáid ar bhealach a chuireann ar chumas oibreoir na timpeallachta sláine próiseála na gníomhaíochtaí próiseála sonraí uile a chinneadh agus a mhaoirsiú, lena n-áirítear na bearta sin a bhaineann leis na sonraí a thaispeáint, a stóráil, a íoslódáil, a onnmhairiú, agus sonraí díorthach a ríomh trí algartaim ríomhaireachtúla.

(15) ciallaíonn ‘ionadaí’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas a ainmnítear go sainráite chun gníomhú thar ceann soláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí nó eintiteas, nach bhfuil bunaithe san Aontas, a bhailíonn sonraí, chun cuspóirí leasa ghinearálta, a chuireann daoine nádúrtha nó dlítheanacha ar fáil ar bhonn altrúchais sonraí, ar ionadaí é a bhféadfaidh údarás inniúil náisiúnta dul i dteagmháil leis in ionad an tsoláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí nó an eintitis sin maidir le hoibleagáidí an tsoláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí sin nó an eintitis a bhunaítear leis an Rialachán seo.

## CAIBIDIL II

## ATHÚSÁID CATAGÓIRÍ ÁIRITHE DE SHONRAÍ COSANTA ATÁ I SEILBH COMHLACHTAÍ EARNÁLA POIBLÍ

### *Airteagal 3*
### *Catagóirí sonraí*

(1) Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le sonraí atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí agus atá cosanta ar na forais seo a leanas:

(a) rúndacht tráchtála;

(b) rúndacht staidrimh;

(c) cosaint cearta maoine intleachtúla tríú páirtithe

(d) cosaint sonraí pearsanta.

(2) Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) sonraí atá i seilbh gnóthas poiblí:

(b) sonraí atá i seilbh craoltóirí seirbhíse poiblí agus a bhfochomhlachtaí, agus i seilbh comhlachtaí eile agus a bhfochomhlachtaí chun sainchúram craolacháin seirbhíse poiblí a chomhlíonadh;

(c) sonraí atá i seilbh bunaíochtaí cultúrtha agus bunaíochtaí oideachais;

(d) sonraí arna gcosaint ar chúiseanna slándála náisiúnta, cosanta nó slándála poiblí;

(e) sonraí a bhfuil a soláthar ina ghníomhaíocht atá lasmuigh de raon feidhme chúraimí poiblí na gcomhlachtaí earnála poiblí lena mbaineann mar a shainítear sa dlí nó i rialacha ceangailteacha eile sa Bhallstát lena mbaineann, nó d’uireasa rialacha den sórt sin, mar a shainítear i gcomhréir leis an gcleachtas riaracháin coiteann sa Bhallstát sin, ar choinníoll go bhfuil raon feidhme na gcúraimí poiblí trédhearcach agus faoi réir a athbhreithnithe.

(3) I gcomhréir le forálacha na Caibidle seo, ní chuirtear aon oibleagáid ar chomhlachtaí earnála poiblí cead a bheith acu sonraí a athúsáid ná ní scaoiltear comhlachtaí earnála poiblí óna n-oibleagáidí rúndachta ach oiread. Tá an Chaibidil seo gan dochar do dhlí

an Aontais ná do dhlí náisiúnta ná do chomhaontuithe idirnáisiúnta ar páirtithe iontu iad an tAontas nó na Ballstáit maidir le cosaint catagóirí sonraí dá bhforáiltear i mír 1. Tá an Chaibidil seo gan dochar do dhlí an Aontais ná don dlí náisiúnta maidir le rochtain ar dhoiciméid agus oibleagáidí comhlachtaí earnála poiblí faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta chun athúsáid sonraí a cheadú.

*Airteagal 4*
*Socruithe eisiacha a thoirmeasc*

(1) Toirmeascfar comhaontuithe nó cleachtais eile a bhaineann le hathúsáid sonraí atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí ina bhfuil catagóirí sonraí dá dtagraítear in Airteagal 3 (1), comhaontuithe nó cleachtais eile a dheonaíonn cearta eisiacha nó arb é is aidhm nó is éifeacht dóibh cearta eisiacha den sórt sin a dheonú nó srian a chur ar na sonraí a bheith ar fáil lena n-athúsáid ag eintitis seachas na páirtithe i gcomhaontuithe nó i gcleachtais den sórt sin.

(2) De mhaolú ar mhír 1, féadfar ceart eisiach a dheonú chun na sonraí dá dtagraítear sa mhír sin a athúsáid a mhéid is gá chun seirbhís nó táirge a sholáthar ar mhaithe leis an leas ginearálta.

(3) Deonófar ceart eisiach den sórt sin i gcomhthéacs seirbhíse ábhartha nó conartha lamháltais ábhartha i gcomhréir le rialacha infheidhme i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta maidir le soláthar poiblí agus maidir le soláthar poiblí nó i gcás conradh dar luach nach bhfuil rialacha dámhachtana soláthair phoiblí ná lamháltais i ndlí an Aontais ná sa dlí náisiúnta infheidhme ina leith, i gcomhréir le prionsabail na trédhearcachta, na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe ar fhorais náisiúntachta.

(4) I ngach cás nach gcumhdaítear le mír 3 agus sa chás nach féidir an cuspóir leasa ghinearálta a chomhlíonadh gan ceart eisiach a dheonú, beidh feidhm ag prionsabail na trédhearcachta, na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe ar fhorais náisiúntachta.

(5) Ní rachaidh tréimhse a mhairfidh eisiachas an chirt chun na sonraí a athúsáid níos faide ná trí bliana. I gcás go dtugtar conradh i gcrích, beidh fad an chonartha a dhámhfar ailínithe le tréimhse an eiseachais.

(6) Beidh dámhachtain cirt eisiaigh de bhun mhíreanna (2) go (5), lena n-áirítear na cúiseanna ar gá ceart den sórt sin a dhámhachtain, trédhearcach agus cuirfear sin ar fáil go poiblí ar líne, gan beann ar cé acu a d'fhéadfaí dámhachtain soláthair phoiblí nó conartha lamháltais a fhoilsiú nó nach bhféadfaí.

(7) Comhaontuithe nó cleachtais eile a thagann faoi raon feidhme an toirmisc i mír 1, nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mír 2, agus a tugadh i gcrích roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar iad a fhoirceannadh ag deireadh an chonartha agus in aon chás laistigh de thrí bliana ar a dhéanaí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 5*
*Coinníollacha maidir le hathúsáid*

(1) Comhlachtaí earnála poiblí atá inniúil faoin dlí náisiúnta chun rochtain a dheonú nó a dhiúltú chun ceann amháin nó níos mó de na catagóirí sonraí dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a athúsáid, cuirfidh siad ar fáil go poiblí na coinníollacha maidir le

hathúsáid den sórt sin a cheadú. Agus iad i mbun an chúraim sin, féadfaidh na comhlachtaí inniúla dá dtagraítear in Airteagal 7 (1) cúnamh a thabhairt dóibh.

(2) Beidh na coinníollacha maidir le hathúsáid neamh-idirdhealaitheach, comhréireach agus beidh údar oibiachtúil leo maidir le catagóirí sonraí agus cuspóirí athúsáide agus cineál na sonraí a gceadaítear athúsáid ina leith. Ní bhainfear úsáid as na coinníollacha sin chun srian a chur leis an iomaíocht.

(3) Féadfaidh comhlachtaí earnála poiblí oibleagáid a fhorchur gan ach sonraí réamhphróiseáilte a úsáid sa chás gurb é is aidhm don réamhphróiseáil sin sonraí pearsanta a dhéanamh anaithnid nó ainm bréige a chur ar shonraí pearsanta a chur nó faisnéis tráchtála rúnda a scriosadh, lena n-áirítear rúin trádála.

(4) Féadfaidh comhlachtaí na hearnála poiblí oibleagáidí a fhorchur

(a) rochtain a fháil ar na sonraí agus iad a athúsáid laistigh de thimpeallacht shlán phróiseála arna soláthar agus arna rialú ag an earnáil phoiblí;

(b) rochtain a fháil ar na sonraí agus iad a athúsáid laistigh den áitreabh fisiciúil ina bhfuil an timpeallacht phróiseála suite, más rud é nach féidir cianrochtain a cheadú gan cearta agus leasanna tríú páirtithe a chur i mbaol.

(5) Forchuirfidh na comhlachtaí earnála poiblí coinníollacha a chaomhnóidh sláine fheidhmiú na gcóras teicniúil arna n-úsáid sa timpeallacht próiseála sláine. Beidh an comhlacht earnála poiblí in ann aon torthaí ó phróiseáil sonraí a rinne an t-athúsáideoir a fhíorú agus an ceart úsáid a fhorchoimeád chun torthaí a thoirmeasc ina bhfuil faisnéis lena gcuirtear cearta agus leasanna tríú páirtithe i mbaol.

(6) I gcás nach féidir athúsáid na sonraí a cheadú i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos i míreanna 3 go 5 agus nach bhfuil aon bhunús dlí eile leis na sonraí a tharchur faoi Rialachán (AE) 2016/679, tacóidh an comhlacht earnála poiblí le hathúsáideoirí toiliú a lorg ó na hábhair sonraí agus/nó cead a lorg ó na heintitis dhlíthiúla a bhféadfadh an athúsáid sin difear a dhéanamh dá gcearta agus dá leasanna, nuair is indéanta gan costas díréireach don earnáil phoiblí. Agus iad i mbun an chúraim sin, féadfaidh na comhlachtaí inniúla dá dtagraítear in Airteagal 7 (1) cúnamh a thabhairt dóibh.

(7) Ní cheadófar athúsáid sonraí ach amháin i gcomhréir le cearta maoine intleachtúla. An ceart atá ag déantóir bunachair sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 7(1) de Threoir 96/9/CE, ní fheidhmeoidh comhlachtaí earnála poiblí é chun cosc a chur ar athúsáid sonraí nó srian a chur ar athúsáid sonraí thar na teorainneacha a leagtar síos leis an Rialachán seo.

(8) Nuair a mheastar sonraí a iarrtar a bheith rúnda, i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta faoi rúndacht tráchtála, áiritheoidh comhlachtaí na hearnála poiblí nach nochtfar an fhaisnéis rúnda mar thoradh ar an athúsáid.

(9) Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina ndearbhaítear an méid seo a leanas i dtaca le socruithe dlíthiúla, maoirseachta agus forfheidhmithe an tríú tír:

(a) áiritheofar cosaint maoine intleachtúla agus rúin trádála ar bhealach atá coibhéiseach go bunúsach leis an gcosaint a áirithítear faoi dhlí an Aontais;

(b) beidh siad á gcur i bhfeidhm agus á bhforfheidhmiú go héifeachtach; agus

(c) tabharfar leigheas breithiúnach éifeachtach.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 29 (2).

(10) Ní tharchuirfidh comhlachtaí earnála poiblí sonraí rúnda nó sonraí arna gcosaint le cearta maoine intleachtúla chuig athúsáideoir a bhfuil sé ar intinn aige na sonraí a aistriú go tríú tír seachas tír arna hainmniú i gcomhréir le mír 9 ach amháin má thugann an t-athúsáideoir faoin méid seo a leanas:

(a) na hoibleagáidí a fhorchuirtear i gcomhréir le mír 7 go mír 8 a chomhlíonadh, fiú tar éis na sonraí a aistriú chuig an tríú tír; agus

(b) glacadh le dlínse chúirteanna an Bhallstáit ina bhfuil an comhlacht earnála poiblí maidir le haon díospóid a bhaineann le comhlíonadh na hoibleagáide i bpointe (a).

(11) I gcás ina mbunaítear le gníomhartha sonracha de chuid an Aontais arna nglacadh i gcomhréir le nós imeachta reachtach go measfar catagóirí áirithe sonraí neamhphearsanta atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí a bheith an-íogair chun críocha an Airteagail seo, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí leagan síos coinníollacha speisialta is infheidhme maidir le haistrithe chuig tríú tíortha. Beidh na coinníollacha maidir le haistriú chuig tríú tíortha bunaithe ar chineál na gcatagóirí sonraí arna sainaithint i ngníomh an Aontais agus ar na forais go measann siad go bhfuil siad an-íogair, neamh-idirdhealaitheach agus teoranta don mhéid is gá chun na cuspóirí beartais phoiblí arna sainaithint i ndlí an Aontais a ghnóthú, amhail an tsábháilteacht agus an tsláinte phoiblí, mar aon leis na rioscaí go n-ath-shainaithneofar sonraí a ndearnadh anaithnidiú orthu do na hábhair sonraí, i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais. Féadfar a áireamh orthu téarmaí is infheidhme maidir le haistriú nó socruithe teicniúla i ndáil leis sin, teorainneacha maidir le sonraí a athúsáid i dtríú tíortha nó i gcatagóirí daoine atá i dteideal na sonraí sin a aistriú chuig tríú tíortha nó, i gcásanna eisceachtúla, srianta maidir le haistrithe chuig tríú tíortha.

(12) Ní fhéadfaidh an duine nádúrtha nó dlítheanach dár deonaíodh an ceart sonraí neamhphearsanta a athúsáid na sonraí a aistriú ach chuig na tríú tíortha sin ar ina leith atá na ceanglais i míreanna 9 go mír 11 á gcomhlíonadh.

(13) I gcás ina mbeidh sé ar intinn ag an athúsáideoir sonraí neamhphearsanta a aistriú chuig tríú tír, cuirfidh an comhlacht earnála poiblí an sealbhóir sonraí ar an eolas faoi aistriú sonraí chuig an tríú tír sin.

### *Airteagal 6*
### *Táillí*

(1) Féadfaidh comhlachtaí earnála poiblí a cheadaíonn athúsáid na gcatagóirí sonraí dá dtagraítear in Airteagal 3(1) táillí a ghearradh as athúsáid sonraí den sórt sin a cheadú.

(2) Beidh táillí neamh-idirdhealaitheach, comhréireach agus beidh údar oibiachtúil leo agus ní chuirfidh siad srian le hiomaíocht.

(3) Áiritheoidh comhlachtaí earnála poiblí gur féidir aon táille a íoc ar líne trí sheirbhísí íocaíochta trasteorann a bheidh ar fáil go forleathan, gan idirdhealú bunaithe ar áit bhunaíochta an tsoláthraí seirbhíse íocaíochta trasteorann, ar áit eisiúna na hionstraime íocaíochta nó ar shuíomh an chuntais íocaíochta laistigh den Aontas.

(4) I gcás ina gcuirfidh siad táillí i bhfeidhm, déanfaidh comhlachtaí earnála poiblí bearta chun athúsáid na gcatagóirí sonraí dá dtagraítear in Airteagal 3 (1) a dhreasú chun críoch neamhthráchtála agus ag fiontair bheaga agus mheánmhéide i gcomhréir leis na rialacha maidir le Státchabhair.

(5) Déanfar táillí a dhíorthú ó na costais a bhaineann le próiseáil iarrataí ar athúsáid na gcatagóirí sonraí dá dtagraítear in Airteagal 3(1). Foilseofar an mhodheolaíocht chun táillí a ríomh roimh ré.

(6) Foilseoidh an comhlacht earnála poiblí tuairisc ar na príomhchatagóirí costas agus ar na rialacha a úsáidtear chun na costais a leithdháileadh.

*Airteagal 7*
*Comhlachtaí inniúla*

(1) Ainmneoidh na Ballstáit comhlacht inniúil amháin nó níos mó, a fhéadfaidh a bheith ina chomhlacht earnála, chun tacú leis na comhlachtaí earnála poiblí a thugann rochtain ar athúsáid na gcatagóirí sonraí dá dtagraítear in Airteagal 3(1) i gcur i gcrích an chúraim sin.

(2) Áireofar an méid seo a leanas sa tacaíocht dá bhforáiltear i mír 1, i gcás inar gá:

(a) cuirfear tacaíocht theicniúil ar fáil trí thimpeallacht phróiseála shlán a chur ar fáil chun go mbeidh rochtain ar athúsáid sonraí;

(b) tabharfar tacaíocht do chur i bhfeidhm teicnící tástáilte, rud a áiritheoidh go ndéanfar sonraí a phróiseáil ar bhealach a chaomhnóidh príobháideachas na faisnéise sna sonraí a mbeidh athúsáid ceadaithe ina leith, lena n-áireofar teicnící chun ainm bréige a chur ar shonraí pearsanta, iad a anaithnidiú, iad a ghinearálú, iad a cheilt agus iad a dhéanamh randamach;

(c) tabharfar cúnamh do na comhlachtaí earnála poiblí, i gcás inarb ábhartha, toiliú nó cead a fháil ó athúsáideoirí lena n-athúsáid chun críoch altrúíoch agus eile i gcomhréir le cinntí sonracha sealbhóirí sonraí, lena n-áirítear cinntí faoin dlínse nó faoi na dlínsí ina bhfuil sé beartaithe na sonraí a phróiseáil;

(d) tabharfar cúnamh do comhlachtaí earnála poiblí maidir le leordhóthanacht gnóthas arna ndéanamh ag athúsáideoir, de bhun Airteagal 5(10).

(3) Féadfar a chur de chúram ar na comhlachtaí inniúla freisin, de bhun dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta lena bhforáiltear an rochtain sin a thabhairt, rochtain a dheonú chun na catagóirí sonraí dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a athúsáid. Agus a bhfeidhm á comhlíonadh acu chun rochtain le haghaidh athúsáid a thabhairt nó a dhiúltú, beidh feidhm ag Airteagail 4, 5, 6 agus 8(3) maidir leis na comhlachtaí inniúla sin.

(4) Beidh acmhainní dlíthiúla agus teicniúla leordhóthanacha agus saineolas ag an gcomhlacht inniúil nó ag na comhlachtaí inniúla chun go mbeidh sé nó siad in ann dlí ábhartha an Aontais nó an dlí náisiúnta ábhartha a bhaineann leis na córais rochtana le haghaidh na gcatagóirí sonraí dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a chomhlíonadh.

(5) Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún céannacht na gcomhlachtaí inniúla arna n-ainmniú de bhun mhír 1 faoin [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Cuirfidh siad aon mhodhnú ina dhiaidh sin ar chéannacht na gcomhlachtaí sin in iúl don Choimisiún freisin.

*Airteagal 8*
*Pointe faisnéise aonair*

(1) Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh gach faisnéis ábhartha a bhaineann le cur i bhfeidhm Airteagail 5 agus 6 ar fáil trí phointe faisnéise aonair.

(2) Cuirfear iarrataí ar athúsáid na gcatagóirí sonraí dá dtagraítear in Airteagal 3 (1) chuig an bpointe faisnéise aonair agus tarchuirfidh sé iad chuig na comhlachtaí inniúla de chuid na hearnála poiblí, nó chuig na comhlachtaí inniúla dá dtagraítear in Airteagal 7 (1), i gcás inarb ábhartha. Cuirfidh an pointe faisnéise aonair clár d'acmhainní sonraí ar fáil trí mheáin leictreonacha, clár ina bhfuil faisnéis ábhartha agus a thuairiscíonn cineál na sonraí atá ann.

(3) Maidir le hiarrataí ar athúsáid na gcatagóirí sonraí dá dtagraítear in Airteagal 3 (1), déanfaidh na comhlachtaí inniúla de chuid na hearnála poiblí nó na comhlachtaí inniúla dá dtagraítear in Airteagal 7 (1) iad a dheonú nó a dhiúltú laistigh de thréimhse réasúnach ama, agus in aon chás laistigh de dhá mhí ó dháta na hiarrata.

(4) Aon duine nádúrtha nó dlítheanach dá ndéantar difear mar gheall ar chinneadh ó chomhlacht earnála poiblí nó ó chomhlacht inniúil, de réir mar a bheidh, beidh sé de cheart aige leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil i gcoinne cinneadh den sórt sin os comhair chúirteanna an Bhallstáit ina bhfuil an comhlacht ábhartha lonnaithe.

## CAIBIDIL III
## CEANGLAIS ATÁ INFHEIDHME MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ COMHROINNTE SONRAÍ

*Airteagal 9*
*Soláthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí*

(1) Beidh soláthar na seirbhísí comhroinnte sonraí seo a leanas faoi réir nós imeachta um fhógra a thabhairt:

(a) seirbhísí idirghabhála idir sealbhóirí sonraí ar daoine dlítheanacha iad agus úsáideoirí sonraí ionchasacha, lena n-áirítear modhanna teicniúla nó modhanna eile a chur ar fáil chun gur féidir seirbhísí den sórt sin a thairiscint; féadfar a áireamh ar na seirbhísí sin malartuithe déthaobhacha nó iltaobhacha sonraí nó cruthú ardán nó bunachar sonraí lenar féidir sonraí a mhalartú nó a shaothrú go comhpháirteach, mar aon le bonneagar sonrach a bhunú chun sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí a nascadh le chéile;

(b) seirbhísí idirghabhála idir ábhair sonraí a fhéachann lena sonraí pearsanta a chur ar fáil agus úsáideoirí sonraí ionchasacha, lena n-áirítear na modhanna teicniúla nó modhanna eile a chur ar fáil chun gur féidir seirbhísí den sórt sin a thairiscint, i bhfeidhmiú na gceart dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/679;

(c) seirbhísí comharchumann sonraí, is é sin le rá seirbhísí a thacaíonn le hábhair sonraí nó cuideachtaí duine amháin nó micreafhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide, ar baill den chomharchumann iad nó a thugann de chumhacht don chomharchumann téarmaí agus coinníollacha maidir le próiseáil sonraí a chaibidliú sula dtoileoidh siad chuige sin, agus roghanna eolasacha a dhéanamh sula dtoileoidh siad le próiseáil sonraí, agus a cheadú do shásraí tuairimí a mhalartú maidir le cuspóirí agus coinníollacha próiseála sonraí is fearr a dhéanfadh ionadaíocht do leas na n-ábhar sonraí nó daoine dlítheanacha.

(2) Beidh an Chaibidil seo gan dochar do chur i bhfeidhm dlí eile de chuid an Aontais agus dlí náisiúnta eile maidir le soláthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí, lena n-áirítear cumhachtaí na n-údarás maoirseachta chun comhlíonadh an dlí is infheidhme a áirithiú, go háirithe maidir le sonraí pearsanta a chosaint agus dlí na hiomaíochta.

*Airteagal 10*

*Fógra a thabhairt faoi sholáthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí*

(1) Cuirfidh soláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí a bhfuil sé ar intinn aige na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 9(1) a sholáthar fógra faoi bhráid an údaráis inniúil dá dtagraítear in Airteagal 12.

(2) Chun críocha an Rialacháin seo, measfar soláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí a bhfuil bunaíochtaí aige i níos mó ná Ballstát amháin a bheith faoi dhlínse an Bhallstáit sin ina bhfuil a phríomhbhunaíocht aige.

(3) Déanfaidh soláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí nach bhfuil bunaithe san Aontas ach a thairgeann na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 9(1) laistigh den Aontas, ionadaí dlíthiúil a cheapadh i gceann de na Ballstáit ina dtairgtear na seirbhísí sin. Measfar an soláthraí a bheith faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil an t-ionadaí dlíthiúil bunaithe.

(4) Tar éis fógra a fháil, féadfaidh soláthraí na seirbhísí comhroinnte sonraí tús a chur leis an ngníomhaíocht faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Chaibidil seo.

(5) Leis an bhfógra sin, beidh an soláthraí i dteideal seirbhísí comhroinnte sonraí a sholáthar i ngach Ballstát.

(6) Beidh an fhaisnéis seo a leanas san fhógra:

(a) ainm sholáthraí na seirbhísí comhroinnte sonraí;

(b) stádas dlíthiúil, foirm dhlíthiúil agus uimhir chláraithe an tsoláthraí, nuair atá an soláthraí cláraithe ar chlár trádála, nó ar chlár comhchosúil poiblí eile,

(c) seoladh phríomhbhunaíocht an tsoláthraí san Aontas, i gcás inarb infheidhme, agus seoladh aon bhrainse thánaistigh i mBallstát eile nó seoladh an ionadaí dhlíthiúil a ainmníodh de bhun mhír 3;

(d) suíomh gréasáin ar a bhféadfar teacht ar fhaisnéis faoin soláthraí agus faoi na gníomhaíochtaí, i gcás inarb infheidhme;

(e) Daoine teagmhála agus sonraí teagmhála an tsoláthraí;

(f) tuairisc ar an tseirbhís atá ar intinn ag an soláthraí a sholáthar;

(g) an dáta measta le tús a chur leis an ngníomhaíocht;

(h) na Ballstáit a bhfuil sé ar intinn ag an soláthraí seirbhísí a sholáthar iontu.

(7) Arna iarraidh sin don soláthraí, déanfaidh an t-údarás inniúil, laistigh de sheachtain amháin, dearbhú caighdeánaithe a eisiúint ina ndeimhneofar go bhfuil an fógra dá dtagraítear i mír 4 tíolactha ag an soláthraí.

(8) Cuirfidh an t-údarás inniúil gach fógra ar aghaidh chuig údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát trí mheán leictreonach, gan mhoill.

(9) Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra don Choimisiún faoi gach fógra nua. Coinneoidh an Coimisiún clár de sholáthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí.

(10) Féadfaidh an t-údarás inniúil táillí a ghearradh. Beidh na táillí sin comhréireach agus oibiachtúil agus beidh siad bunaithe ar na costais riaracháin a bhaineann le faireachán ar chomhlíonadh agus ar ghníomhaíochtaí rialaithe eile na n-údarás inniúil i ndáil le fógra a thabhairt faoi sheirbhísí comhroinnte sonraí.

(11) I gcás ina scoirfidh soláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí dá chuid gníomhaíochtaí, tabharfaidh sé fógra don údarás inniúil ábhartha arna chinneadh de bhun mhíreanna 1, 2 agus 3 laistigh de 15 lá. Cuirfidh an t-údarás inniúil gach fógra den sórt sin ar aghaidh chuig na húdaráis inniúla náisiúnta sna Ballstáit agus chuig an gCoimisiún trí mheán leictreonach gan mhoill.

*Airteagal 11*

*Coinníollacha maidir le seirbhísí comhroinnte sonraí a sholáthar*

Beidh soláthar seirbhísí comhroinnte sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(1) faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(1) ní fhéadfaidh an soláthraí na sonraí a úsáid ar ina leith a sholáthraíonn sé seirbhísí chun aon chríche eile ach na sonraí sin a chur ar fáil d'úsáideoirí sonraí agus beidh seirbhísí comhroinnte sonraí ina n-eintiteas dlíthiúil ar leithligh;

(2) ní fhéadfar na meiteashonraí a bhailítear ó sholáthar na seirbhíse comhroinnte sonraí a úsáid ach amháin chun an tseirbhís sin a fhorbairt;

(3) áiritheoidh an soláthraí go bhfuil an nós imeachta um rochtain a fháil ar a sheirbhís cothrom, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach do shealbhóirí sonraí agus d'úsáideoirí sonraí araon, lena n-áirítear praghsanna chomh maith;

(4) éascóidh an soláthraí malartú na sonraí san fhormáid ina bhfaigheann sé iad ón sealbhóir sonraí agus tiontóidh sé na sonraí i bhformáidí sonracha chun idir-inoibritheacht a fheabhsú laistigh d'earnálacha agus thar earnálacha, agus sin amháin, nó arna iarraidh sin don úsáideoir sonraí nó i gcás ina sainordófar sin i ndlí an Aontais nó chun comhchuibhiú le caighdeáin sonraí idirnáisiúnta nó Eorpacha a áirithiú;

(5) beidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag an soláthraí chun cleachtais chalaoiseacha nó drochúsáide a chosc i ndáil le rochtain ar shonraí a thabhairt do pháirtithe atá ag lorg rochtana trína gcuid seirbhísí;

(6) áiritheoidh an soláthraí go mbeidh leanúnachas réasúnta ann maidir le soláthar a sheirbhísí agus, i gcás seirbhísí lena n-áirithítear stóráil sonraí, beidh ráthaíochtaí leordhóthanacha i bhfeidhm aige lena gceadófar do shealbhóirí sonraí agus d'úsáideoirí sonraí rochtain a fháil ar a gcuid sonraí i gcás dócmhainneachta;

(7) cuirfidh an soláthraí bearta teicniúla, dlíthiúla agus eagraíochtúla leordhóthanacha i bhfeidhm chun aistriú sonraí neamhphearsanta nó rochtain orthu atá neamhdhleathach faoi dhlí an Aontais a chosc;

(8) déanfaidh an soláthraí bearta chun ardleibhéal slándála a áirithiú do stóráil agus tarchur sonraí neamhphearsanta;

(9) beidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag an soláthraí chun go n-áiritheofar comhlíonadh rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta maidir le hiomaíocht;

(10) gníomhóidh an soláthraí a thairgeann seirbhísí do na hábhair sonraí chun leas na n-ábhar sonraí nuair a bheidh feidhmiú a gceart á éascú aige, go háirithe trí chomhairle a chur ar na hábhair sonraí maidir le húsáidí a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le sonraí agus maidir le téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha a ghabhann leis na húsáidí sin;

(11) i gcás ina soláthróidh soláthraí uirlisí chun toiliú a fháil ó ábhair sonraí nó ceadanna chun sonraí a chuireann daoine dlítheanacha ar fáil a phróiseáil, sonróidh sé an dlínse nó na dlínsí ina bhfuil sé beartaithe úsáid a bhaint as na sonraí.

*Airteagal 12*
*Údaráis inniúla*

(1) Ainmneoidh gach Ballstát ar a chríoch údarás amháin nó níos mó atá inniúil chun na cúraimí a bhaineann leis an gcreat fógartha a chur i gcrích agus cuirfidh sé céannacht na n-údarás ainmnithe sin in iúl don Choimisiún faoin [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Cuirfidh sé aon mhodhnú eile a dhéanfar ina dhiaidh sin in iúl don Choimisiún freisin.

(2) Comhlíonfaidh na húdaráis inniúla ainmnithe Airteagal 23.

(3) Déanfaidh na húdaráis inniúla arna n-ainmniú, na húdaráis cosanta sonraí, na húdaráis iomaíochta náisiúnta, na húdaráis atá i gceannas ar chibearshlándáil, agus údaráis earnála ábhartha eile an fhaisnéis is gá a mhalartú chun a gcúraimí a chur i gcrích maidir le soláthraithe comhroinnte sonraí.

*Airteagal 13*
*Faireachán ar chomhlíonadh*

(1) Déanfaidh an t-údarás inniúil faireachán agus maoirseacht ar chomhlíonadh na Caibidle seo.

(2) Beidh sé de chumhacht ag an údarás inniúil an fhaisnéis ar fad is gá a iarraidh ar sholáthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí chun a fhíorú go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 10 agus 11. Beidh aon iarraidh ar fhaisnéis comhréireach le feidhmiú an chúraim agus beidh sé réasúnaithe.

(3) I gcás ina gcinnfidh an t-údarás inniúil nach gcomhlíonann soláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí ceann amháin nó níos mó de na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 10 nó 11, cuirfidh sé na torthaí sin in iúl don soláthraí sin agus tabharfaidh sé deis dó a thuairimí a chur in iúl, laistigh de theorainn ama réasúnta.

(4) Beidh an chumhacht ag an údarás inniúil a éileamh go scoirfear den sárú dá dtagraítear i mír 3 láithreach nó laistigh de theorainn ama réasúnta agus déanfaidh an t-údarás ábhartha sin bearta iomchuí agus comhréireacha arb iad is aidhm dóibh comhlíonadh a áirithiú. I dtaca leis sin, beidh na húdaráis inniúla in ann, i gcás inarb iomchuí:

(a) pionóis airgeadais athchomhairleacha a fhorchur a bhféadfaidh a bheith ar áireamh iontu pionóis thréimhsiúla a bhfuil tionchar cúlghabhálach acu;

(b) a cheangal go scoirfear de sholáthar na seirbhíse comhroinnte sonraí nó go gcuirfear ar athló í.

(5) Cuirfidh na húdaráis inniúla na bearta arna bhforchur de bhun mhír 4 agus na cúiseanna ar a bhfuil siad bunaithe in iúl don eintiteas lena mbaineann gan mhoill agus sonróidh siad tréimhse réasúnta don eintiteas chun na bearta a chomhlíonadh.

(6) Má tá a phríomhbhunaíocht nó a ionadaí dlíthiúil i mBallstát ag soláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí, ach má sholáthraíonn sé seirbhísí i mBallstáit eile, comhoibreoidh údarás inniúil Bhallstát na príomhbhunaíochta nó an Ballstát ina bhfuil an t-ionadaí dlíthiúil lonnaithe i gcomhar le húdaráis inniúla na mBallstát eile sin agus cuideoidh siad le chéile. Féadfar malartuithe faisnéise idir na húdaráis inniúla lena mbaineann agus iarrataí ar chur i gcrích na mbeart dá dtagraítear san Airteagal seo a chumhdach leis an gcúnamh agus leis an gcomhar sin.

*Airteagal 14*
*Eisceachtaí*

Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le heintitis neamhbhrabúis nach bhfuil i gceist lena ngníomhaíochtaí ach féachaint le sonraí a bhailiú ar mhaithe leis an leas ginearálta, arna gcur ar fáil ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha ar bhonn altrúchas sonraí.

## CAIBIDIL IV
## ALTRÚCHAS SONRAÍ

*Airteagal 15*
*Clár d'eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí*

(1) Coimeádfaidh gach údarás inniúil arna ainmiú de bhun Airteagal 20 clár d'eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí.

(2) Coimeádfaidh an Coimisiún clár de chuid an Aontais d'eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí.

(3) Féadfaidh eintiteas atá cláraithe sa chlár i gcomhréir le hAirteagal 16 tagairt dó féin mar 'eagraíocht altrúchais sonraí a aithnítear san Aontas' ina chumarsáid i scríbhinn agus ó bhéal.

*Airteagal 16*
*Ceanglais ghinearálta maidir le clárúchán*

Chun cáiliú do chlárúchán, déanfaidh an eagraíocht altrúchais sonraí an méid seo a leanas:

(a) beidh sí ina heintiteas dlíthiúil arna chomhdhéanamh chun cuspóirí leasa ghinearálta a bhaint amach;

(b) oibreoidh sí ar bhonn neamhbhrabúsach agus beidh sí neamhspleách ar aon eintiteas a oibreoidh ar bhonn neamhbhrabúsach;

(c) cuirfidh sí na gníomhaíochtaí a bhaineann le haltrúchas sonraí i gcrích trí struchtúr atá neamhspleách ó thaobh an dlí de, ar leithligh ó ghníomhaíochtaí eile atá déanta aige.

*Airteagal 17*
*Clárúchán*

(1) Féadfaidh aon eintiteas a chomhlíonann ceanglais Airteagal 16 a iarraidh go n-iontrálfaí é i gclár na n-eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí dá dtagraítear in Airteagal 15 (1).

(2) Chun críocha an Rialacháin seo, eintiteas atá i mbun gníomhaíochtaí bunaithe ar altrúchas sonraí a bhfuil bunaíochtaí aige i níos mó ná Ballstát amháin, cláróidh sé sa Bhallstát sin ina bhfuil a phríomhbhunaíocht aige.

(3) Aon eintiteas nach bhfuil bunaithe san Aontas, ach a chomhlíonann na ceanglais in Airteagal 16, ceapfaidh sé ionadaí dlíthiúil i gceann de na Ballstáit ina bhfuil sé ar intinn aige sonraí a bhailiú bunaithe ar altrúchas sonraí. Chun críoch an Rialachán seo a chomhlíonadh, measfar an t-eintiteas sin a bheith faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil an t-ionadaí dlíthiúil lonnaithe.

(4) Beidh an fhaisnéis seo a leanas sna hiarratais ar chlárúchán:

(a) ainm an eintitis;

(b) stádas dlíthiúil, foirm dhlíthiúil agus uimhir chláraithe an eintitis, sa chás go bhfuil an t-eintiteas cláraithe ar chlár trádála;

(c) reachtanna an eintitis, i gcás inarb iomchuí;

(d) príomhfhoinsí ioncaim an eintitis;

(e) seoladh phríomhbhunaíocht an tsoláthróra san Aontas, más ann dó agus, i gcás inarb infheidhme, seoladh aon bhrainse thánaistigh i mBallstát eile nó seoladh an ionadaí dhlíthiúil arna ainmniú de bhun mhír (3);

(f) suíomh gréasáin ar a bhféadfar teacht ar fhaisnéis faoin eintiteas agus faoi na gníomhaíochtaí;

(g) daoine teagmhála agus sonraí teagmhála an eintitis;

(h) cuspóirí leasa ghinearálta a bhfuil sé ar intinn aige iad a chur chun cinn agus sonraí á mbailiú aige;

(i) aon doiciméad eile a léiríonn go bhfuil ceanglais Airteagal 16 á gcomhlíonadh.

(5) I gcás inar chuir an t-eintiteas an fhaisnéis uile is gá isteach de bhun mhír 4 agus go measann an t-údarás inniúil go gcomhlíonann an t-eintiteas ceanglais Airteagal 16, cláróidh sé an t-eintiteas i gclár na n-eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí laistigh de dhá sheachtain déag ó dháta an iarratais. Beidh an clárúchán bailí sna Ballstáit uile. Cuirfear aon chlárúchán in iúl don Choimisiún, rud a iontrálfar i gclár an Aontais de na heagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí.

(6) Foilseofar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4, pointí (a), (b), (f), (g) agus (h) i gclár náisiúnta na n-eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí.

(7) Aon eintiteas a chuirfear i gclár na n-eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí, cuirfidh sé aon athrú ar an bhfaisnéis a sholáthraítear de bhun mhír 4 faoi bhráid an údaráis inniúil laistigh de 14 lá féilire ón lá a dhéanfar an t-athrú.

*Airteagal 18*
*Ceanglais maidir le trédhearcacht*

(1) Coinneoidh aon eintiteas a iontrálfar i gclár na n-eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí taifid iomlána agus chruinne maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) gach duine nádúrtha nó dlítheanach ar tugadh an deis dóibh sonraí atá i seilbh an eintitis sin a phróiseáil;

(b) dáta nó fad na próiseála sin;

(c) cuspóir na próiseála sin arna dhearbhú ag an duine nádúrtha nó dlítheanach ar tugadh an deis dó na sonraí a phróiseáil;

(d) na táillí arna n-íoc ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha a phróiseálann na sonraí, más ann dóibh.

(2) Aon eintiteas a iontrálfar i gclár na n-eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí, déanfaidh sé tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a tharraingt suas agus a tharchur chuig an údarás inniúil náisiúnta ina mbeidh an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) faisnéis faoi ghníomhaíochtaí an eintitis;

(b) tuairisc ar an gcaoi ar cuireadh cuspóirí an leasa ghinearálta chun cinn ar ina leith a bailíodh na sonraí le linn na bliana airgeadais áirithe;

(c) liosta de na daoine nádúrtha agus dlítheanacha ar fad ar ceadaíodh dóibh úsáid a bhaint as na sonraí atá ina seilbh, lena n-áirítear tuairisc achomair ar chuspóirí an leasa ghinearálta a shaothraítear le húsáid sonraí den sórt sin agus tuairisc ar na modhanna teicniúla arna n-úsáid chuige sin, lena n-áirítear tuairisc ar na teicnící a úsáidtear chun príobháideachas agus cosaint sonraí a chaomhnú;

(d) achoimre ar thorthaí na n-úsáidí sonraí a cheadaigh an t-eintiteas, i gcás inarb infheidhme;

(e) faisnéis faoi fhoinsí ioncaim an eintitis, go háirithe an t-ioncam uile mar thoradh ar rochtain a cheadú ar na sonraí, agus faoi chaiteachas.

*Airteagal 19*
*Ceanglais shonracha maidir le cearta agus leasanna na n-ábhar sonraí agus na n-eintiteas dlíthiúil a choimirciú i ndáil lena sonraí*

(1) Cuirfidh aon eintiteas a iontrálfar i gclár na n-eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí sealbhóirí sonraí faoin méid seo a leanas:

(a) na cuspóirí atá leis an leas ginearálta ar ina leith a cheadaítear próiseáil a sonraí ag úsáideoir sonraí ar bhealach sothuigthe;

(b) aon phróiseáil lasmuigh den Aontas.

(2) Áiritheoidh an t-eintiteas freisin nach n-úsáidfear na sonraí chun críoch eile seachas críocha leasa ghinearálta ar ina leith a cheadaítear an phróiseáil.

(3) I gcás ina soláthróidh eintiteas a iontrálfar i gclár d'eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí uirlisí chun toiliú a fháil ó ábhair sonraí nó ceadanna chun sonraí a chuireann daoine dlítheanacha ar fáil a phróiseáil, sonróidh sé an dlínse nó na dlínsí ina bhfuil sé beartaithe úsáid a bhaint as na sonraí.

*Airteagal 20*
*Údaráis inniúla i mbun clárúcháin*

(1) Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as clár na n-eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí agus as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais na Caibidle seo. Comhlíonfaidh na húdaráis inniúla arna n-ainmniú ceanglais Airteagal 23.

(2) Cuirfidh gach Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoi chéannacht na n-údarás arna n-ainmniú.

(3) Tabharfaidh an t-údarás inniúil faoina chúraimí i gcomhar leis an údarás cosanta sonraí, i gcás ina mbainfidh na cúraimí sin le próiseáil sonraí pearsanta, agus le comhlachtaí ábhartha earnála sa Bhallstát céanna. I dtaca le haon cheist lena gceanglaítear measúnú ar chomhlíonadh Rialachán (AE) 2016/679, iarrfaidh an t-údarás inniúil ar dtús tuairim nó cinneadh ón údarás inniúil maoirseachta arna bhunú de bhun an Rialacháin sin agus cloífidh sé leis an tuairim sin nó leis an gcinneadh sin.

*Airteagal 21*
*Faireachán ar chomhlíonadh*

(1) Déanfaidh an t-údarás inniúil faireachán agus maoirseacht ar chomhlíonadh na n-eintiteas a iontrálfar i gclár na n-eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chaibidil seo.

(2) Beidh sé de chumhacht ag an údarás inniúil faisnéis a iarraidh ar eintitis a áirítear ar chlár na n-eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí is gá chun comhlíonadh fhorálacha na Caibidle seo a fhíorú. Beidh aon iarraidh ar fhaisnéis comhréireach le feidhmiú an chúraim agus beidh sé réasúnaithe.

(3) I gcás ina gcinnfidh an t-údarás inniúil nach gcomhlíonann soláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí ceann amháin nó níos mó de cheanglais na Caibidle seo, tabharfaidh sé fógra don eintiteas faoi na cinntí sin agus tabharfaidh sé deis dó a thuairimí a chur in iúl, laistigh de theorainn ama réasúnta.

(4) Beidh de chumhacht ag an údarás inniúil a éileamh go scoirfear den sárú dá dtagraítear i mír 3 láithreach nó laistigh de theorainn ama réasúnta agus déanfaidh an t-údarás ábhartha sin bearta iomchuí agus comhréireacha arb iad is aidhm dóibh comhlíonadh a áirithiú.

(5) Mura gcomhlíonann eintiteas ceann amháin nó níos mó de cheanglais na Caibidle seo fiú tar éis don údarás inniúil fógra a thabhairt ina leith i gcomhréir le mír 3, bainfidh an méid seo a leanas leis an eintiteas:

(a) caillfidh sé an ceart atá aige tagairt a dhéanamh dó féin mar 'eagraíocht altrúchais sonraí arna haithint san Aontas' in aon chumarsáid i scríbhinn ná ó bhéal;

(b) bainfear den chlár d'eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí é.

(6) Má tá a phríomhbhunaíocht nó a ionadaí dlíthiúil i mBallstát ag eintiteas atá ar chlár na n-eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí, ach má tá sé gníomhach i mBallstáit eile, comhoibreoidh údarás inniúil Bhallstát na príomhbhunaíochta nó an Ballstát ina bhfuil an t-ionadaí dlíthiúil lonnaithe i gcomhar le húdaráis inniúla na mBallstát eile sin agus cuideoidh siad le chéile de réir mar is gá. Féadfar malartuithe faisnéise idir

na húdaráis inniúla lena mbaineann agus iarrataí ar chur i gcrích na mbeart dá dtagraítear san Airteagal seo a chumhdach leis an gcúnamh agus leis an gcomhar sin.

*Airteagal 22*
*Foirm thoilithe Eorpach i ndáil le haltrúchas sonraí*

(1) D'fhonn bailiú sonraí bunaithe ar altrúchas sonraí a éascú, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gceapfaí foirm thoilithe Eorpach i ndáil le haltrúchas sonraí. Ceadóidh an fhoirm toiliú a fháil ar fud na mBallstát i bhformáid aonfhoirmeach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 29 (2).

(2) San fhoirm thoilithe Eorpach i ndáil le haltrúchas sonraí, bainfear úsáid as cur chuige modúlach lena gceadófar oiriúnú d'earnálacha ar leith agus chun críoch éagsúil.

(3) I gcás ina gcuirfear sonraí pearsanta ar fáil, áiritheofar leis an bhfoirm thoilithe Eorpach i ndáil le haltrúchas sonraí go bhfuil na hábhair sonraí in ann toiliú a thabhairt d'oibríocht próiseála sonraí ar leith agus toiliú a tharraingt siar ón oibríocht sin i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) 2016/679.

(4) Beidh an fhoirm ar fáil ar bhealach is féidir a phriontáil ar pháipéar agus ar bhealach is féidir le daoine a léamh agus i bhfoirm leictreonach, mheaisín-inléite.

# CAIBIDIL V
# ÚDARÁIS INNIÚLA AGUS FORÁLACHA NÓS IMEACHTA

*Airteagal 23*
*Ceanglais maidir le húdaráis inniúla*

(1) Beidh na húdaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagail 12 agus 20 leithleach o thaobh an dlí de, agus beidh siad ag feidhmiú go neamhspleách ar aon soláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí nó eintiteas atá ar chlár na n-eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí.

(2) Cuirfidh na húdaráis inniúla a gcuid cúraimí i gcrích ar bhealach neamhchlaonta, trédhearcach, comhsheasmhach, iontaofa agus tráthúil.

(3) Ní fhéadfaidh an ardbhainistíocht ná an pearsanra atá freagrach as cúraimí ábhartha an údaráis inniúil dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i gcrích a bheith ag dearadh, ag monarú, ag soláthar, ag suiteáil, ag ceannach, ag úsáid ná ag cothabháil na seirbhísí, ná na seirbhísí a bheith faoina n-úinéireacht, a ndéanann siad meastóireacht orthu, ná ní fhéadfaidh siad a bheith ina n-ionadaí údaraithe thar ceann aon cheann de na páirtithe sin ná ní fhéadfaidh siad a bheith ina n-ionadaithe thar a gceann. Ní chuirfidh sé sin cosc ar úsáid a bhaint as seirbhísí a bhfuil meastóireacht déanta orthu, seirbhísí is gá chun oibríochtaí an údaráis inniúil nó úsáid a bhaint as seirbhísí den sórt sin chun críoch pearsanta.

(4) Ní bheidh an ardbhainistíocht ná an pearsanra i mbun aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht le neamhspleáchas a mbreithiúnais nó a n-ionracais i ndáil le gníomhaíochtaí meastóireachta a chuirtear de chúram orthu.

(5) Beidh fáil ag na húdaráis inniúla ar na hacmhainní airgeadais agus ar na daon-acmhainní leordhóthanacha chun na cúraimí a shanntar dóibh a chur i gcrích, lena n-áirítear an t-eolas teicniúil agus na hacmhainní is gá.

(6) Tabharfaidh údaráis inniúla Ballstáit an fhaisnéis don Choimisiún agus do na húdaráis inniúla ó Bhallstáit eile, arna hiarraidh sin go réasúnaithe, an fhaisnéis is gá chun a gcúraimí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh. I gcás ina measfaidh údarás inniúil náisiúnta gur faisnéis rúnda an fhaisnéis a iarrtar i gcomhréir le rialacha an Aontais agus le rialacha náisiúnta maidir le rúndacht tráchtála agus ghairmiúil, déanfaidh an Coimisiún agus aon údarás inniúil eile lena mbaineann an rúndacht sin a áirithiú.

*Airteagal 24*

*Ceart chun gearán a thaisceadh*

(1) Beidh sé de cheart ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha gearán a thaisceadh leis an údarás inniúil náisiúnta ábhartha i gcoinne soláthraí seirbhísí comhroinnte sonraí nó eintiteas atá ar chlár na n-eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí.

(2) An t-údarás nó an comhlacht a ndearnadh an gearán leis, cuirfidh sé an gearánach ar an eolas faoin gcaoi a mbeidh na himeachtaí ag dul chun cinn agus faoin gcinneadh a rinneadh, agus cuirfidh sé an gearánach ar an eolas faoin gceart chun leigheas éifeachtach breithiúnach a fháil, dá dtagraítear in Airteagal 25.

*Airteagal 25*

*An ceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil*

(1) D'ainneoin aon leigheasanna riaracháin nó aon leigheasanna neamhbhreithiúnacha eile, beidh ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha a ndéanfar difear dóibh an ceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach maidir leis an méid seo a leanas:

(a) mainneachtain gníomhú i leith gearán a taisceadh leis an údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagail 12 agus 20;

(b) cinntí ó na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagail 13, 17 agus 21 a dhéantar i mbainistiú, i rialú agus i bhforfheidhmiú an chórais fógra le haghaidh soláthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí agus faireachán a dhéanamh ar eintitis a iontrálfar i gclár na n-eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí.

(2) De bhun an Airteagail seo, déanfar iad chun an t-údarás is ábhar do na himeachtaí breithiúnacha a thabhairt os comhair na gcúirteanna sa Bhallstát sin ina bhfuil sé suite.

# CAIBIDIL VI
# AN BORD EORPACH UM CHOSAINT SONRAÍ

*Airteagal 26*

*An Bord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí*

(1) Bunóidh an Coimisiún Bord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí ('an Bord') i bhfoirm Sainghrúpa, ar a mbeidh ionadaithe ó údaráis inniúla na mBallstát uile, ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí, ón gCoimisiún, ó spásanna sonraí ábhartha agus ionadaithe eile de chuid údarás inniúil in earnálacha sonracha.

(2) Féadfar cuireadh a thabhairt do pháirtithe leasmhara agus do thríú páirtithe ábhartha freastal ar chruinnithe den Bhord agus páirt a ghlacadh ina chuid oibre.

(3) Is é an Coimisiún a bheidh ina chathaoirleach ar chruinnithe an Bhoird.

(4) Déanfaidh rúnaíocht arna soláthar ag an gCoimisiún cúnamh a thabhairt don Bhord.

*Airteagal 27*
*Cúraimí an Bhoird*

Beidh na cúraimí seo a leanas ar an mBord:

(a) comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún chun go mbeidh comhlachtaí earnála poiblí agus comhlachtaí inniúla dá dtagraítear in Airteagal 7 (1) ag forbairt cleachtas comhsheasmhach maidir le hiarrataí a phróiseáil chun na catagóirí sonraí dá dtagraítear in Airteagal 3 (1) a athúsáid;

(b) comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún chun go mbeidh na húdaráis inniúla ag forbairt cleachtas comhsheasmhach chun ceanglais is fheidhme a chur i bhfeidhm maidir le soláthraithe comhroinnte sonraí;

(c) comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir le tosaíocht a thabhairt do chaighdeáin trasearnála a bheidh le húsáid agus le forbairt le haghaidh úsáid sonraí agus comhroinnt trasearnála sonraí, le haghaidh comparáid trasearnála agus malartú dea-chleachtas i ndáil le ceanglais earnálacha le haghaidh slándála, nósanna imeachta rochtana, agus gníomhaíochtaí caighdeánaithe earnáilsonracha á gcur san áireamh;

(d) cúnamh a thabhairt don Choimisiún idir-inoibritheacht sonraí a fheabhsú chomh maith le seirbhísí comhroinnte sonraí idir earnálacha agus fearainn éagsúla g cur leis na caighdeáin Eorpacha, idirnáisiúnta nó náisiúnta atá ann cheana;

(e) an comhar idir na húdaráis inniúla náisiúnta faoin Rialachán seo a éascú trí fhothú acmhainneachta agus malartú faisnéise, go háirithe trí mhodhanna a bhunú le haghaidh malartú éifeachtúil faisnéise a bhaineann leis an nós imeachta fógra i gcás soláthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí agus le haghaidh eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí a chlárú agus faireachán a dhéanamh orthu.

## CAIBIDIL VII
## COISTE AGUS TOSCAIREACHT

*Airteagal 28*
*An Tarmligean a Fheidhmiú*

(1) Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

(2) Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5 (11) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [...].

(3) Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5 (11) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

(4) Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a

leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

(5) A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

(6) Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5 (11) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse trí mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú trí mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 29*
*Nós imeachta coiste*

(1) Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(2) I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(3) I gcás ina bhfuiltear chun tuairim an choiste a fháil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den teorainn ama leis an tuairim sin a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh nó go n-iarrann comhalta coiste amhlaidh. I gcás den sórt sin, comórfaidh an cathaoirleach cruinniú coiste laistigh de thréimhse réasúnach ama.

## CAIBIDIL VIII
## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 30*
*Rochtain idirnáisiúnta*

(1) Déanfaidh an comhlacht earnála poiblí, an duine nádúrtha nó dlítheanach dár deonaíodh an ceart sonraí a athúsáid faoi Chaibidil 2, an soláthraí comhroinnte sonraí nó an t-eintiteas a iontrálfar i gclár na n-eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí, de réir mar a bheidh, gach beart réasúnta teicniúil, dlíthiúil agus eagraíochtúil chun aistriú sonraí neamhphearsanta san Aontas nó rochtain orthu a chosc i gcás ina mbeadh an t-aistriú nó an rochtain sin ar neamhréir le dlí an Aontais nó le dlí an Bhallstáit ábhartha, mura rud é go bhfuil an t-aistriú nó an rochtain i gcomhréir le míreanna 2 nó 3.

(2) Aon bhreithiúnas ó chúirt nó ó bhinse agus aon chinneadh ó údarás inniúil tríú tír a cheanglaíonn ar chomhlacht earnála poiblí, duine nádúrtha nó dlítheanach dár deonaíodh an ceart chun sonraí a athúsáid faoi Chaibidil 2, soláthraí comhroinnte sonraí nó eintiteas a iontrálfar i gclár na n-eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí a aistriú ó shonraí neamhphearsanta nó rochtain a thabhairt orthu san Aontas faoi réir an Rialacháin seo, ní féadfar iad a aithint ná a fhorfheidhmiú ar chaoi ar bith ach amháin go bhfuil sé bunaithe ar chomhaontú idirnáisiúnta, conradh i ndáil le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach, atá i bhfeidhm idir an tríú tír iarrthach agus an tAontas nó aon chomhaontú den sórt sin idir an tríú tír iarrthach agus Ballstát arna thabhairt i gcrích roimh an [teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

(3) I gcás gurb é an comhlacht earnála poiblí, duine nádúrtha nó dlítheanach dár deonaíodh an ceart sonraí a athúsáid faoi Chaibidil 2, soláthraí nó eintiteas comhroinnte sonraí a iontrálfar i gclár na n-eagraíochtaí aitheanta altrúchais atá ina sheolaí ar a ndíreofar cinneadh ó chúirt nó ó údarás riaracháin tríú tír maidir lena aistriú ó shonraí neamhphearsanta nó rochtain a thabhairt ar shonraí atá ar coinneáil san Aontas sonraí dírithe ar chinneadh ó chúirt nó ó údarás riaracháin tríú tír chun sonraí neamhphearsanta atá á gcoinneáil san Aontas agus go gcuirfidh comhlíonadh an chinnidh sin an seolaí i mbaol go mbeidh sé ar neamhréir le dlí an Aontais nó le dlí an Bhallstáit ábhartha, ní dhéanfar na sonraí a aistriú chuig an t-údarás tríú tír sin ná rochtain ar na sonraí sin a thabhairt dó ach sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina gceanglaítear sa chóras tríú tír go leagfar amach cúiseanna agus comhréireacht an chinnidh, agus go gceanglaítear leis gur de chineál sonrach an t-ordú cúirte nó an cinneadh, de réir mar a bheidh, mar shampla trí nasc leordhóthanach a bhunú le daoine áirithe a bhfuil amhras fúthu nó trí sháruithe áirithe;

(b) go bhfuil agóid réasúnaithe an tseolaí faoi réir athbhreithniú ag cúirt inniúil sa tríú tír; agus

(c) sa chomhthéacs sin, tugtar de chumhacht don chúirt inniúil a eisíonn an t-ordú nó a dhéanann athbhreithniú ar chinneadh údaráis riaracháin faoi dhlí na tíre sin aird chuí a thabhairt ar leasanna ábhartha dlí sholáthraí na sonraí a chosnaítear le dlí an Aontais nó le dlí an Bhallstáit is infheidhme.

Iarrfaidh seolaí an chinnidh tuairim ó na comhlachtaí nó ó na húdaráis inniúla ábhartha, de bhun an Rialacháin seo, d’fhonn a chinneadh an gcomhlíontar na coinníollacha sin.

(4) Má chomhlíontar na coinníollacha i míreanna 2 nó 3, déanfaidh an comhlacht earnála poiblí, an duine nádúrtha nó dlítheanach dár deonaíodh an ceart sonraí a athúsáid faoi Chaibidil 2, an soláthraí comhroinnte sonraí nó an t-eintiteas a iontrálfar i gclár na n-eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí, de réir mar a bheidh, an t-íosmhéid sonraí is ceadmhach mar fhreagra ar iarraidh a sholáthar, bunaithe ar léirmhíniú réasúnta ar an iarraidh.

(5) An comhlacht earnála poiblí, an duine nádúrtha nó dlítheanach dár deonaíodh an ceart chun sonraí a athúsáid, an soláthraí comhroinnte sonraí agus an t-eintiteas a sholáthraíonn altrúchas sonraí, cuirfidh siad an sealbhóir sonraí ar an eolas faoi iarraidh a rinne údarás riaracháin i dtríú tír ar rochtain a fháil ar a chuid sonraí, seachas i gcásanna ina bhfónann an iarraidh sin chun críocha fhorfheidhmiú an dlí agus chomh fada is gá sin chun éifeachtacht ghníomhaíocht fhorfheidhmiú an dlí a chaomhnú.

*Airteagal 31*
*Pionóis*

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin faoin [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin] agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

*Airteagal 32*
*Meastóireacht agus athbhreithniú*

Faoin…[*ceithre bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo]*, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus déanfaidh sé tuarascáil ar phríomhthorthaí na meastóireachta sin a thíolacadh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun an tuarascáil sin a ullmhú.

*Airteagal 33*
*Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 2018/1724*

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1724, cuirtear an líne seo a leanas isteach faoi 'Gnólacht a thosú, a reáchtáil agus a dhúnadh':

| | | |
|---|---|---|
| Gnólacht a thosú, a reáchtáil agus a dhúnadh | Fógra a thabhairt faoi sholáthraithe seirbhísí comhroinnte sonraí | Deimhniú go bhfuarthas an t-iarratas |
| | Clárú mar Eagraíocht Eorpach Altrúchais Sonraí | Deimhniú an chlárúcháin |

*Airteagal 34*
*Socrú idirthréimhseach*

Eintitis a sholáthraíonn na seirbhísí comhroinnte sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 9(1) ar dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, comhlíonfaidh siad na hoibleagáidí a leagtar amach i gCaibidil III faoin [dáta - dhá bhliain tar éis dháta tosaigh chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí.

*Airteagal 35*
*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [12 mhí tar éis an teacht i bhfeidhm].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*